II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2387 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Lúnasa 2022

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/655 a mhéid a bhaineann le glacadh na bhforálacha ar fhaireachán a dhéanamh ar astaíochtaí truailleán gásach ó innill dócháin inmheánaigh inseirbhíse atá suiteáilte in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é chun innill ag a bhfuil cumhacht níos lú ná 56 kW agus níos mó ná 560 kW a chur san áireamh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE ([1])

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá cláir faireachán breise inseirbhíse déanta ag an gCoimisiún i gcomhar le monaróirí chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht tástálacha faireacháin agus anailísí sonraí chun tomhas a dhéanamh ar na hastaíochtaí ó innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, maidir le hinnill seachas na fochatagóirí NRE-v-5 agus NRE-v-6, a oibrítear thar a ngnáth-thimthriallta dualgais oibriúcháin. Mar thoradh air sin, ba cheart go leagfaí síos forálacha faireacháin inseirbhíse iomchuí le haghaidh na bhfochatagóirí sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/655 ([2]).

(2) Agus an cur isteach de bharr phaindéim COVID-19 agus a thionchar ar chumas na monaróirí chun tástáil faireacháin inseirbhíse a dhéanamh á gcur san áireamh, is gá an sprioc-am le haghaidh chur isteach na dtuarascálacha ar thástálacha faireacháin inseirbhíse a mhodhnú chun am leordhóthanach a thabhairt do mhonaróirí tástálacha a dhéanamh agus don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar thorthaí na dtástálacha agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle mar a éilítear faoi Rialachán (AE) 2016/1628.

(3) Léiríonn paindéim COVID-19 go bhféadfadh imeachtaí gan choinne, nach bhfuil smacht ag an monaróir orthu, a fhágáil go mbeadh sé dodhéanta faireachán a dhéanamh ar innill inseirbhíse mar a bhí beartaithe. Mar gheall ar chur isteach leanúnach ó phaindéim COVID-19, ba cheart don údarás formheasa glacadh le coigeartú iomchuí an bhunphlean le haghaidh faireachán a dhéanamh ar gach Grúpa Innill Faireacháin Inseirbhíse (Grúpa IFI).

([1]) IO L 252, 16.9.2016, lch. 53.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/655 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí truailleán gásach ó innill dócháin inmheánaigh inseirbhíse in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é (IO L 102, 13.4.2017, lch. 334.)

(4) Níor cheart go n-imreodh na leasuithe a leagtar amach sa Rialachán seo tionchar ar an bhfaireachán ar astaíochtaí truailleán gásach ó innill dócháin inmheánaigh inseirbhíse ag a bhfuil cumhacht idir 56 kW agus 560 kW (fochatagóirí NRE-v-5 agus NRE-v-6). Tá na hathruithe, a thugtar isteach do na fochatagóirí sin, teoranta do choigeartuithe riaracháin a áiríonn a gcuimsiú i nGrúpa IFI, agus atá neamhábhartha dá bharr sin le haghaidh an fhaireacháin sin. Is iomchuí dá bhrí sin go mbeadh cineálcheaduithe AE do chineál innill nó d'aicme inneall a cheadaítear i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/655 fós bailí roimh lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/655 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/655

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/655 mar a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Baineann an Rialachán seo le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí truailleán gásach ó na catagóirí seo a leanas d'innill inseirbhíse i gCéim V, innill atá suiteáilte in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é beag beann ar cathain a deonaíodh cineálcheadú AE le haghaidh na n-inneall sin:

(a) NRE agus NRG (gach fochatagóir);

(b) NRS-vi-1b, NRS-vr-1b, NRS-v-2a, NRS-v-2b agus NRS-v-3;

(c) IWP agus IWA (gach fochatagóir);

(d) RLL agus RLR (gach fochatagóir);

(e) ATS;

(f) SMB;

(g) NRSh (gach fochatagóir);

(h) NRS-vi-1a agus NRS-vr-1a.";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"*Airteagal 3*

Nósanna imeachta agus ceanglais le haghaidh faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí inneall inseirbhíse

Déanfar faireachán ar astaíochtaí truailleán gásacha ó innill inseirbhíse dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2016/1628 mar a leanas:

(a) Maidir leis na hinnill sin dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (a) go (f), déanfar faireachán i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(b) Maidir leis na hinnill sin dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (g) agus (h):

(i) ní bheidh feidhm ag an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo maidir leis.

(ii) sannfar an nós imeachta aosaithe a úsáidtear chun an fachtóir meathlaithe (FM) le haghaidh an chineáil innill, nó, i gcás inarb infheidhme an aicme inneall, a shuí, mar a cheanglaítear le roinn 4.3 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 ón gCoimisiún (*), lena n-áirítear aon ghné uathoibrithe, chun a cheadú don mhonaróir an meathlú astaíochtaí inúsáide a bhfuil coinne leis a thuar le linn thréimhse mharthanachta astaíochtaí (TMA) na n-inneall sin atá á n-úsáid de ghnáth.

(iii) déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na monaróirí, clár píolótach, gach 5 bliana, a bhainfidh leis na cineálacha is déanaí inneall chun a chinntiú go mbíonn an nós imeachta chun na FManna a leagtar amach i roinn 4 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 oiriúnach agus éifeachtach i gcónaí chun astaíochtaí truailleán a rialú thar shaol úsáideach na n-inneall.

_____

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus ghinearálta i ndáil le teorainneacha astaíochtaí agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é (IO L 102, 13.4.2017, lch. 1.)";

(3) in Airteagal 3a, cuirtear mír 3 seo a leanas isteach:

"3. Cineálcheaduithe AE le haghaidh cineál innill nó aicme inneall arna bhformheas i gcomhréir leis an Rialachán seo roimh an 26 Nollaig 2022, ní éileofar iad a athbhreithniú ná a shíneadh de thoradh na tástála a rinneadh i gcomhréir le ceanglais na hIarscríbhinne.";

(4) leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/655 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/655 mar a leanas:

(1) Cuirtear isteach na pointí seo a leanas, 1.2.a agus 1.2.b tar éis phointe 1.2:

"1.2.a. Grúpa Innill Faireacháin Inseirbhíse (Grúpa IFI)

D'fhonn tástáil inseirbhíse a dhéanamh, grúpálfar gach cineál innill agus aicme inneall arna dtáirgeadh ag an monaróir i gcomhréir lena fhochatagóir, mar a leagtar amach i dTábla 1 agus a léirítear i bhFíor 1. D'fhéadfadh Grúpa IFI amháin a bheith ag monaróir amháin le haghaidh gach cineál féideartha de Ghrúpa IFI.


Tábla 1

Grúpaí IFI

Grúpa IFI	(Fo)c(h)atagóir(í) inneall
A	NRE-v-5, NRE-v-6
B	NRE-c-5, NRE-c-6
C	NRE-v-3, NRE-v-4
D	NRE-c-3, NRE-c-4
E	NRE-v-1, NRE-c-1, NRE-v-2, NRE-c-2
F	NRE-v-7, NRE-c-7
G	NRG-v-1, NRG-c-1
H	NRS-v-2b, NRS-v-3
I	NRS-vr-1b, NRS-vi-1b, NRS-v-2a
J	IWP-v-1, IWP-c-1, IWA-v-1, IWA-c-1, IWP-v-2, IWP-c-2, IWA-v-2, IWA-c-2
K	IWP-v-3, IWP-c-3, IWA-v-3, IWA-c-3
L	IWP-v-4, IWP-c-4, IWA-v-4, IWA-c-4
M	RLL-v-1, RLL-c-1
N	RLR-v-1, RLR-c-1
O	SMB-v-1
P	ATS-v-1

Fíor 1

Léaráid de na Grúpaí IFI



1.2.b. Is ionann an t-údarás formheasa a áirithíonn comhlíontacht leis an Rialachán seo agus ceann díobh seo a leanas:

a) an t-údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú an chineáil innill nó na haicme inneall, i gcás ina bhfuil cineálcheadú aonair i nGrúpa ISM;

b) an t-údarás formheasa a dheonaigh cineálcheadú do roinnt cineálcheadaithe innill agus/nó aicmí inneall laistigh den Ghrúpa ISM céanna;

c) arna bhformheas ag údaráis formheasa éagsúla, sa Ghrúpa IFI, an t-údarás formheasa arna ainmniú ag gach údarás formheasa a bhaineann le i gcás ina bhfuil cineálacha innill, agus/nó aicmí inneall,"

(2) pointe 1.3, scriostar fophointe (b):

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.4:

"1.4. Innill ina bhfuil Aonad Rialaithe Leictreonach (ARL) agus comhéadan cumarsáide atá beartaithe chun na sonraí is gá a sholáthar, mar a shonraítear i bhFoscríbhinn 7, ach a bhfuil an comhéadan in easnamh nó sonraí in easnamh, nó i gcás nach féidir na comharthaí riachtanacha a aithint agus a dhearbhú go soiléir, ní bheidh siad incháilithe do thástáil faireacháin inseirbhíse, agus roghnófar inneall eile.

Ní ghlacfaidh an t-údarás formheasa le héagmais ARL nó comhéadain, nó éagmais comharthaí nó comharthaí neamhbhailí, nó easpa comhlíontachta chomhartha toirc ARL, mar chúis chun an líon inneall atá le tástáil faoin Rialachán seo a laghdú.";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1:

"2.1. Déanfaidh an monaróir an bunphlean ar fhaireachán gach Grúpa IFI a chur faoi bhráid an údaráis formheasa laistigh de:

(a) le haghaidh Ghrúpa IFI A, 1 mhí amháin roimh thús tháirgeadh aon chineál innill nó aicme inneall laistigh den Ghrúpa IFI;

(b) le haghaidh aon Ghrúpa IFI eile, an dáta is deireanaí de na dátaí a leanas:

(i) an 26 Meitheamh 2023;

(ii) 1 mhí amháin tar éis thús tháirgeadh aon chineál innill nó aicme inneall laistigh den Ghrúpa IFI.";

(5) i bpointe 2.2., cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

"2.2. Ghrúpa IFI, chomh maith leis na critéir a úsáidtear don roghnú agus do chosaint an roghnúcháin:"; Áireofar sa bunphlean liosta de chineálacha innill agus aicmí inneall sa

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.3:

"2.3. Cuirfidh monaróirí plean atá cothrom le dáta le haghaidh faireachán a dhéanamh ar innill inseirbhíse faoi bhráid an údaráis formheasa uair ar bith a athróidh liosta na n-aicmí inneall sa Ghrúpa IFI nó uair ar bith a chomhlánófar nó a athbhreithneofar an liosta inneall faoi leith agus an t-innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a roghnófar. Áireofar sa phlean nuashonraithe cosaint ar na critéir a úsáideadh le haghaidh an roghnúcháin agus na cúiseanna atá ann an liosta roimhe sin a athbhreithniú, más infheidhme. I gcás ina n-athraíonn líon na n-aicmí inneall sa Ghrúpa IFI nó an méid bliantúil táirgeachta do mhargadh an Aontais, coigeartófar an plean leis an líon tástálacha atá le forghníomhú i gcomhréir le pointe 2.6 dá réir sin freisin.";

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2.6 go 2.6.4:

"2.6. Critéir le haghaidh roghnú na n-inneall, a bhfuil tástáil le déanamh orthu

Tagraíonn an líon inneall, a bhfuil tástáil le déanamh orthu, don ghrúpa IFI, agus ní do na fochatagóirí innill, aicmí inneall nó cineálacha innill a bhaineann le grúpa IFI.

Roghnóidh an monaróir innill a léiríonn na fochatagóirí, na haicmí inneall agus na cineálacha innill a bhaineann le grúpa IFI, ar bhealach cothrom. Níor cheart go dtabharfadh sé seo le fios go ndéanfaí tástáil ar innill i ngach fochatagóir innill, aicme inneall nó cineál innill.

Áireofar i roghnú na n-inneall do ghrúpaí IFI ina bhfuil IWP agus IWA, innill ón dá chatagóir a mhéid is féidir.

2.6.1. Scéim tástála le haghaidh grúpa IFI A

Roghnóidh an monaróir ceann de na scéimeanna tástála a leanas a dtugtar tuairisc orthu i bpointí 2.6.1.1 agus 2.6.1.2 le haghaidh faireachán inseirbhíse.

2.6.1.1. Scéim tástála bunaithe ar an Tréimhse Mharthanachta Astaíochtaí (TMA)

2.6.1.1.1. Tástáil ar 9 n-inneall ón ngrúpa IFI ag a bhfuil seirbhís charntha níos lú ná a % den TMA, i gcomhréir le Tábla 2. Cuirfear na torthaí tástála faoi bhráid an údaráis formheasa faoin 26 Nollaig 2024.

2.6.1.1.2. Tástáil ar 9 n-inneall ón ngrúpa IFI ag a bhfuil seirbhís charntha de bhreis agus b % de TMA, i gcomhréir le Tábla 2. Cuirfear na tuarascálacha tástála faoi bhráid an údaráis formheasa faoin 26 Nollaig 2026.

2.6.1.1.3. Nuair nach féidir leis an monaróir an ceanglas faoi phointe 2.6.1.1 a chomhlíonadh de bharr nach bhfuil innill ag a bhfuil an carnadh seirbhíse a cheanglaítear i bpointe 2.6.1.1.2 ar fáil, d'fhéadfadh an t-údarás formheasa tástáil na n-inneall ag a bhfuil seirbhís carntha idir 2 oiread a % agus b % de TMA a cheadú faoin bpointe seo, chomh fada is a sholáthraíonn an monaróir fianaise láidir gur roghnaíodh innill ag a bhfuil an carnadh seirbhíse is airde atá ar fáil. De rogha air sin, glacfaidh an t-údarás formheasa le hathrú ar an scéim tástála bunaithe ar thréimhse 4 bliana a leagtar amach i bpointe 2.6.1.2. Sa chás sin, an líon foriomlán inneall a bhfuil tástáil le déanamh orthu faoi phointe 2.6.1.2, laghdófar é den líon inneall a ndearnadh tástáil agus tuairisc orthu cheana i gcomhréir le pointe 2.6.1.1..

Tábla 2

% de luachanna TMA le haghaidh ghrúpa IFI a shonraítear in 2.6.1

Cumhacht tagartha an innill roghnaithe (kW)	a	b
56 ≤ P < 130	20	55
130 ≤ P ≤ 560	30	70

2.6.1.2. Scéim tástála bunaithe ar thréimhse 4 bliana

Tástálfaidh gach monaróir naoi n-inneall ar an meán gach bliain ón ngrúpa IFI le linn 4 bliana as a chéile. Cuirfear tuarascálacha tástála faoi bhráid an údaráis formheasa gach bliain do na tástálacha a rinneadh. Cuirfear an sceideal i gcomhair tástála agus an sceideal chun na torthaí a chur isteach san áireamh sa bhunphlean, agus in aon phlean a thabharfar cothrom le dáta ina dhiaidh sin, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar innill inseirbhíse arna gcur isteach ag an monaróir agus arna gceadú ag an údarás formheasa.

2.6.1.2.1. Cuirfear torthaí tástála na gcéad naoi n-inneall isteach tráth nach déanaí ná 24 mhí tar éis shuiteáil an chéad innill in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, agus tráth nach déanaí ná 30 mí tar éis táirgeadh cineál ceadaithe innill nó aicme inneall laistigh den ghrúpa IFI.

2.6.1.2.2. I gcás ina léiríonn an monaróir don údarás formheasa nár cuireadh aon inneall in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é 30 mí tar éis thús an táirgthe, cuirfear torthaí na dtástálacha isteach tar éis shuiteáil an chéad innill, ar dháta a shocraítear leis an údarás formheasa.

2.6.1.2.3. Monaróirí ísealtáirgeachta

Coigeartófar an líon inneall a thástálfar i gcás monaróirí ísealtáirgeachta mar a leanas:

(a) cuirfidh monaróirí nach dtáirgeann ach dhá aicme inneall laistigh de ghrúpa IFI sé thoradh tástála innill ar an meán isteach in aghaidh na bliana;

(b) cuirfidh monaróirí a tháirgeann breis agus 250 inneall, atá i ngrúpa IFI nach bhfuil ach aicme inneall amháin ann, in aghaidh na bliana do mhargadh an Aontais, cuirfidh siad trí thoradh tástála innill ar an meán isteach in aghaidh na bliana;

(c) cuirfidh monaróirí a tháirgeann idir 125 agus 250 inneall, atá i ngrúpa IFI nach bhfuil ach aicme inneall amháin ann, in aghaidh na bliana do mhargadh an Aontais, cuirfidh siad dhá thoradh tástála innill ar an meán isteach in aghaidh na bliana;

(d) monaróirí a tháirgeann níos lú ná 125 inneall in aghaidh na bliana le haghaidh mhargadh an Aontais, arb innill iad atá i ngrúpa IFI nach bhfuil ach aicme inneall amháin ann, cuirfidh siad toradh tástála innill amháin ar an meán isteach in aghaidh na bliana.

Fióróidh an t-údarás formheasa nach sáraítear na cainníochtaí táirgthe dearbhaithe le linn na tréimhse 4 bliana ina ndéanann an monaróir an tástáil. Má sháraítear na cainníochtaí, tástálfaidh an monaróir naoi n-inneall ar an meán in aghaidh na bliana le haghaidh na mblianta atá fágtha sa tréimhse 4 bliana agus nár tuairiscíodh torthaí ina leith.

2.6.2. Scéim tástála le haghaidh ghrúpaí IFI B, F, G, J, K, L, M agus N

Roghnóidh an monaróir ceann de na scéimeanna tástála seo a leanas a dtugtar tuairisc orthu i bpointí 2.6.2.1 agus 2.6.2.2 le haghaidh gach grúpa i gcomhair faireachán inseirbhíse.

2.6.2.1. Scéim tástála bunaithe ar an Tréimhse Mharthanachta Astaíochtaí (TMA)

2.6.2.1.1. Tástáil a dhéanamh ar x inneall ón ngrúpa IFI, ag a bhfuil seirbhís charntha de níos lú ná c % de TMA, i gcomhréir le Tábla 3. Cuirfear na torthaí tástála faoi bhráid an údaráis formheasa faoin 26 Nollaig 2024.

2.6.2.1.2. Tástáil a dhéanamh ar x inneall ón ngrúpa IFI ag a bhfuil seirbhís charntha de bhreis agus d % den TMA, i gcomhréir le Tábla 3. Cuirfear na torthaí tástála faoi bhráid an údaráis formheasa faoin 26 Nollaig 2026.

2.6.2.1.3. Nuair nach féidir leis an monaróir na ceanglais a leagtar amach i bpointí 2.6.2.1.1 agus 2.6.2.1.2 a chomhlíonadh toisc nach bhfuil na hinneall ag a bhfuil an carnadh seirbhíse a éilítear ar fáil, d'fhéadfadh an t-údarás formheasa tástáil na n-inneall ag a bhfuil seirbhís charntha idir 2 oiread c % agus d % de TMA a cheadú faoin bpointe seo, chomh fada is a sholáthraíonn an monaróir fianaise láidir gur roghnaíodh innill ag a bhfuil an carnadh seirbhíse is airde atá ar fáil. De rogha air sin, glacfaidh an t-údarás formheasa le hathrú ar an scéim tástála bunaithe ar thréimhse 4 bliana mar a leagtar amach i bpointe 2.6.2.2. Sa chás sin, an líon foriomlán inneall a bhfuil tástáil le déanamh orthu faoi phointe 2.6.2.2, laghdófar é den líon inneall a ndearnadh tástáil agus tuairisc orthu cheana i gcomhréir le pointí 2.6.2.1.1 agus 2.6.2.1.2.

2.6.2.1.4. Nuair a úsáidtear an tuarascáil tástála le haghaidh aicme inneall Chéim IIIB atá comhionann le catagóir RLL chun cineálcheadú comhfhreagrach Chéim V a fháil le haghaidh na haicme inneall sin i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/656 agus nuair nach féidir le monaróir an innill na ceanglais faoi phointí 2.6.2.1.1 agus 2.6.2.1.2 a chomhlíonadh toisc nach bhfuil innill Chéim V ag a bhfuil an carnadh seirbhíse a éilítear ar fáil, glacfaidh an t-údarás formheasa le roghnú inneall Chéim IIIB chun ceanglais phointí 2.6.2.1.1 agus 2.6.2.1.2 a chomhlíonadh.

Tábla 3

% de luachanna TMA le haghaidh ghrúpaí IFI a shainmhínítear in 2.6.2.1

Cumhacht tagartha an innill roghnaithe (kW)	c	d
P < 56	10	40
56 ≤ P < 130	20	55
P ≥ 130	30	70

Tábla 4

An líon inneall, a bhfuil tástáil le déanamh orthu, le haghaidh na ngrúpaí IFI a dtugtar tuairisc orthu in 2.6.2, 2.6.3.1 agus 2.6.4.1

N	CA	x
1	-	1
2 ≤ N ≤ 4	-	2
> 4	≥ 50	2
5 ≤ N ≤ 6	> 50	3
≥ 7	> 50	4

Mar a bhfuil:

N = Líon foriomlán aicmí inneall an Aontais arna dtáirgeadh ag an monaróir laistigh den ghrúpa IFI

CA = Comhtháirgeadh bliantúil do mhargadh an Aontais do na haicmí inneall eile arna dtáirgeadh ag an monaróir laistigh de ghrúpa IFI agus na ceithre aicme ag a bhfuil an táirgeadh bliantúil is airde do mhargadh an Aontais as an áireamh.

x = Am líon inneall a bhfuil tástáil le déanamh orthu

2.6.2.2. Scéim tástála bunaithe ar thréimhse 4 bliana

Tástáil a dhéanamh ar x inneall ar an meán ón ngrúpa IFI in aghaidh na bliana le linn 4 bliana as a chéile, i gcomhréir le Tábla 4. Cuirfear tuarascálacha tástála faoi bhráid an údaráis formheasa gach bliain do na tástálacha a rinneadh. Cuirfear an sceideal i gcomhair tástála agus an sceideal chun na torthaí a chur isteach san áireamh sa bhunphlean, agus in aon phlean a thabharfar cothrom le dáta ina dhiaidh sin, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar innill inseirbhíse arna gcur isteach ag an monaróir agus arna gceadú ag an údarás formheasa.

2.6.2.2.1. Cuirfear torthaí na dtástálacha do na chéad x inneall isteach roimh dháta deiridh na ndátaí a leanas:

(a) 26 Nollaig 2024;

(b) 12 mhí tar éis shuiteáil an chéad innill in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é;

(c) 18 mí tar éis tús a chur le táirgeadh cineál ceadaithe innill nó aicme inneall laistigh den ghrúpa IFI.

2.6.2.2.2. Nuair a léiríonn an monaróir don údarás formheasa nár cuireadh aon inneall in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é 18 mí tar éis thús an táirgthe, cuirfear torthaí na dtástálacha isteach tar éis shuiteáil an chéad innill, ar dháta a shocraítear leis an údarás formheasa.

2.6.2.2.3. Monaróirí ísealtáirgeachta

Cuirfear an líon inneall a thástálfar in oiriúint sa chás nach mó ná 50 inneall (monaróirí ísealtáirgeachta) an comhtháirgeadh bliantúil ar fud na n-aicmí inneall i ngrúpa IFI, mar a leanas:

(a) monaróirí a tháirgeann foriomlán idir 25 agus 50 inneall in aghaidh na bliana le haghaidh mhargadh an Aontais ar fud na n-aicmí uile i ngrúpa IFI faoi leith, cuirfidh siad isteach:

(i) torthaí tástála le haghaidh inneall amháin ag a bhfuil seirbhís charntha idir c % agus d % de TMA mar a shonraítear i dTábla 3 faoin 26 Nollaig 2025, nó;

(ii) torthaí tástála le haghaidh inneall amháin ar an meán in aghaidh na bliana thar 2 bhliain, ag tosú 12 mhí tar éis shuiteáil an chéad innill in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é,

(b) ní chaithfidh monaróirí a tháirgeann níos lú ná 25 inneall in aghaidh na bliana do mhargadh an Aontais thar gach aicme i ngrúpa IFI faoi leith aon tástáil innill a chur isteach mura dtáirgtear níos mó ná 35 inneall i dtréimhse rollach dhá bhliain, agus má tháirgtear leanfaidh an monaróir an scéim chéanna a leagtar amach i bhfophointe (a).

Fíoróidh an t-údarás formheasa nach sáraítear na cainníochtaí táirgthe dearbhaithe le linn na dtréimhsí a leagtar amach sa chéad mhír, fophointe (a). Má sháraítear na cainníochtaí sin ag aon phointe, athróidh an monaróir chuig ceann de na scéimeanna tástála a leagtar amach i bpointí 2.6.2.1. agus 2.6.2.2. Sa chás sin, an líon foriomlán inneall a bhfuil tástáil le déanamh orthu faoi na pointí sin, laghdófar é den líon inneall a ndearnadh tástáil agus tuairisc orthu cheana i gcomhréir leis an bpointe seo.

2.6.3. Grúpaí IFI C, D, E, H agus I

Roghnóidh an monaróir ceann de na scéimeanna tástála a dtugtar tuairisc orthu i bpointe 2.6.2 nó an scéim tástála bunaithe ar aois an trealaimh a dtugtar tuairisc air i roinn 2.6.3.1 le haghaidh faireachán inseirbhíse.

2.6.3.1. Scéim tástála bunaithe ar aois an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é (féach Fíor 2)

2.6.3.1.1. Tástáil a dhéanamh ar x inneall ón ngrúpa IFI ag a bhfuil bliain táirgthe innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é, nach mó ná 2 bhliain roimh dháta na tástála sin, (féach Fíor 2), i gcomhréir le Tábla 4. Cuirfear na torthaí tástála faoi bhráid an údaráis formheasa faoin 26 Nollaig 2024.


2.6.3.1.2. Tástáil a dhéanamh ar x inneall ón ngrúpa IFI ag a bhfuil bliain táirgthe innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é, nach lú ná 4 bliana roimh dháta na tástála sin, (féach Fíor 2), i gcomhréir le Tábla 4. Cuirfear na torthaí tástála faoi bhráid an údaráis formheasa faoin 26 Nollaig 2026.

2.6.3.1.2.1. Tabharfar fianaise láidir don údarás formheasa gur úsáideadh gach inneall, a roghnaíodh i gcomhair tástála faoi phointe 2.6.3.1.2, gach bliain ar bhealach agus ar mhéid atá cosúil leis sin atá i líon na n-inneall comhchosúil a cuireadh ar mhargadh an Aontais. D'fhéadfaí a áireamh le fianaise oiriúnach saintréithe a léiríonn gnáthchaitheamh, taifid úsáide, taifid chothabhála agus taifid ar an mbreosla a ídíodh.

2.6.3.1.3. Nuair nach féidir leis an monaróir na ceanglais a leagtar amach i bpointí 2.6.3.1.1 agus 2.6.3.1.2 a chomhlíonadh de bharr nach bhfuil na hinnill ag a bhfuil an bhliain táirgthe a éilítear d'innealra soghluaiste nach innealra bóthair é ar fáil, nó fianaise úsáide nach bhfuil leordhóthanach, glacfaidh an t-údarás formheasa le hathrú ar an scéim tástála bunaithe ar thréimhse 4 bliana a leagtar amach i bpointe 2.6.2.2. Sa chás sin, an líon foriomlán inneall, a bhfuil tástáil le déanamh orthu, faoi phointe 2.6.2.2 laghdófar é den líon inneall a ndearnadh tástáil agus tuairisc orthu cheana i gcomhréir le pointí 2.6.3.1.1 agus 2.6.3.1.2.

Fíor 2

Léaráid de na hinnill incháilithe le haghaidh thástáil IFI bunaithe ar aois an innealra shoghluaiste, nach innealra bóthair é



2.6.4. Grúpaí IFI O agus P

Roghnóidh an monaróir, do gach grúpa ISM, ceann de na scéimeanna tástála a dtugtar tuairisc orthu i bpointe 2.6.2. I gcás ina roghnófar an scéim tástála a leagtar amach i bpointe 2.6.2.1, féadfaidh monaróirí an scéim tástála atá bunaithe ar léamh an odaiméadair a dtugtar tuairisc uirthi i bpointe 2.6.4.1 a chur i bhfeidhm laistigh den ghrúpa céanna ISM.

I gcás ina roghnaíonn an monaróir an nós imeachta a leagtar amach i bpointe 2.6.2.1, úsáidfear an tseirbhís charntha a thugtar i dTábla 5 in ionad an chinn a thugtar i dTábla 3.

Tábla 5

% na luachanna TMA le haghaidh ghrúpaí IFI O agus P

Grúpa	c	d
O	20	55
P	10	40

2.6.4.1. Scéim tástála bunaithe ar léamh an odaiméadair in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é

2.6.4.1.1. Tástáil a dhéanamh ar x inneall ón ngrúpa IFI, ag a bhfuil seirbhís charntha de níos lú ná c (km) ar léamh odaiméadair an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é, i gcomhréir le Tábla 4 agus Tábla 6. Cuirfear na torthaí tástála faoi bhráid an údaráis formheasa faoin 26 Nollaig 2024.

2.6.4.1.2. Tástáil a dhéanamh ar x inneall ón ngrúpa IFI, ag a bhfuil seirbhís charntha de níos mó ná d (km) ar léamh odaiméadair an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é, i gcomhréir le Tábla 4 agus Tábla 6. Cuirfear na torthaí tástála faoi bhráid an údaráis formheasa faoin 26 Nollaig 2026.

Tábla 6

Seirbhís charntha le haghaidh ghrúpaí IFI O agus P

Grúpa	Toirt scuabtha an innill (cm^3)	c (km)	d (km)
O	Ceann ar bith	1 600	4 400
P	< 100	1 350	5 400
	≥ 100	2 700	10 800”

(8) Cuirtear isteach pointí 2.6.5 agus 2.6.6 a leanas i ndiaidh phointe 2.6.4.1.2:

“2.6.5. Féadfaidh an monaróir níos mó tástálacha agus tuairiscí ná mar a shuitear sna scéimeanna a leagtar amach i bpointí 2.6.1, 2.6.2, 2.6.3 agus 2.6.4 a dhéanamh.

2.6.6. Moltar iltástáil a dhéanamh ar an inneall céanna chun sonraí a sholáthar do na céimeanna carntha seirbhíse as a chéile i gcomhréir le pointí 2.6.1, 2.6.2, 2.6.3 agus 2.6.4, ach níl sé sainordaitheach.”;

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.3.2:

“3.3.2. Beidh an teocht cothrom le 266 K (– 7 °C) nó níos mó ná sin, ach amháin i gcás ISM grúpa O a bheidh cothrom le nó níos mó ná 253K (-20 °C), agus arb ionann í agus an teocht a chinntear leis an gcothromóid seo a leanas ag an mbrú atmaisféarach sonraithe nó atá níos lú ná an teocht sin:

$$T = – 0{,}4514 * (101{,}3 – p_b) + 311$$

i gcás:

— T teocht chomhthimpeallach, K;

— is é p_b an brú fo-atmaisféarach, kPa.”

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.4.2:

“3.4.2. D’fhonn comhlíontacht phointe 3.4 a léiriú, glacfar samplaí agus coinneofar iad ar feadh na tréimhse is giorra de na cinn seo a leanas ar a laghad:

(a) 12 mhí tar éis chríochnú na tástála, nó

(b) 1 mhí amháin i ndiaidh don mhonaróir an tuarascáil tástála faoi seach a chur faoi bhráid an údaráis formheasa.”

(11) cuirtear isteach pointe 3.6 a leanas tar éis phointe 3.5:

“3.6. I gcás ina ndéantar tástáil lasmuigh den Aontas, ní mór don mhonaróir fianaise a thabhairt don údarás formheasa go léiríonn na coinníollacha a leanas na coinníollacha tástála a bheadh ar an innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é, dá dtástálfaí é san Aontas:

(a) oibriú innealra soghluaiste nach innealra bóthair é;

(b) dálaí comhthimpeallacha;

(c) ola bhealaithe, breosla agus imoibrí; agus

(d) dálaí oibriúcháin”;

(12) scriostar pointe 4.1.1.

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4.2.2:

“4.2.2. Comhlíonfar na ceanglais bhreise a leanas agus sampláil chomhshonraí á cur i bhfeidhm:

(a) gheofar na hoird oibríochta difriúla ag úsáid an innealra shoghluaiste chéanna, nach innealra bóthair é, agus an t-inneall céanna;

(b) beidh trí ord oibríochta ar a mhéad i sampláil chomhshonraí na dtástálacha a dhéantar ag teocht chomhthimpeallach os cionn 273 15 K;

(c) beidh sé ord oibríochta ar a mhéad i sampláil chomhshonraí na dtástálacha a dhéantar ag teocht chomhthimpeallach cothrom le 273 15 K nó níos lú ná sin;

(d) is ionann an uastréimhse chaite idir an chéad ord oibríochta agus an t-ord deireanach oibríochta agus 72 uair an chloig;

(e) ní úsáidfear sampláil chomhshonraí má mhífheidhmíonn an t-inneall, mar a leagtar amach i bpointe 8 d'Fhoscríbhinn 2;

(f) d'fhonn a bheith incháilithe do shampláil chomhshonraí, beidh an t-íosmhéid saothair (kWh) nó mais CO_2 (g/timthriall) a leanas i ngach ord oibríochta i dtástáil faireacháin inseirbhíse:

(i) saothar tagartha teodhúiseachta NRTC amháin ar a laghad nó mais tagartha CO_2, le haghaidh inneall i ngrúpaí IFI A agus C;

(ii) saothar tagartha LSI-NRTC amháin ar a laghad nó mais tagartha CO_2, le haghaidh inneall i ngrúpa IFI H;

(iii) saothar tagartha timthrialla foistine amháin ar a laghad nó mais tagartha CO_2, arna cinneadh ag úsáid an mhodha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 9 le haghaidh inneall i ngach Grúpa IFI eile.

(iv) Maidir le hinnill ina ndéantar tástáil faireacháin inseirbhíse ag céimeanna 0 °C nó faoina bhun, agus trí cheathrú ar a laghad d'obair thagartha nó de mhais tagartha CO_2 sa chéad ord oibríochta agus leath d'obair thagartha timthrialla foistine nó de mhais tagartha CO_2 ar a laghad sna hoird oibríochta seo a leanas, a chinntear ag baint úsáide as an modh atá leagtha amach in Iarscríbhinn 9"

I gcás tástála inseirbhíse cineál innill laistigh d'aicme inneall, beidh an luach tagartha mar an gcéanna le cineál an mháthair-innill;

(g) sula gcuirfear na hoird oibríochta le chéile, déanfar an réamhphróiseáil ar fad is gá ar gach ord i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bpointe 6.3;

(h) cuirfear na hoird oibríochta sa tsampláil chomhshonraí le chéile in ord croineolaíoch lena n-áirítear gach sonra nach bhfágtar ar lár le fophointe (f);

(i) measfar gur tástáil IFI amháin é an tsampláil chomhshonraí;

(j) cuirfear cinneadh na dteagmhas oibre a leagtar amach i bpointe 6.4 agus na ríomhanna a leagtar amach i bpointe 8 i bhfeidhm ar an tsampláil chomhshonraí chríochnaithe.";

(14) cuirtear isteach pointe 4.3 a leanas tar éis phointe 4.2.2:

"4.3. Cailliúint shealadach comhartha

Sroichfidh taifeadadh paraiméadair iomláine sonraí nach lú ná 98 %, a chiallaíonn nach féidir uasmhéid de 2 % de shonraí, nach bhfuil tréimhse níos mó ná 30 soicind aige, a fhágáil ar lár ó gach ord oibríochta de bharr cásanna neamhbheartaithe de chailliúint shealadach comhartha agus sa chéad taifeadadh sonraí. Ní chruthófar aon chailliúint comhartha le linn réamhphróiseáil nó iarphróiseáil aon ord oibríochta nó nuair a chuirfear oird oibríochta le chéile.";

(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 5 go 5.2.2:

"5. **Sruth sonraí ARL**

5.1. Soláthróidh innill atá feistithe le ARL agus comhéadan cumarsáide faisnéis srutha sonraí do na huirlisí tomhais nó logálaí sonraí PEMS i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bhFoscríbhinn 7.

5.2. Bailíochtófar infhaighteacht na sonraí tomhais arna n-iarraidh le Foscríbhinn 7 roimh an tástáil inseirbhíse."

(16) Cuirtear isteach pointí 5.3 go 5.4 i ndiaidh phointe 5.2:

"5.3. Bailíochtófar comhréireacht chomhartha toirc ARL le linn an fhaireacháin inseirbhíse i gcomhréir leis an modh a leagtar amach i bhFoscríbhinn 6.

5.4. I gcás nach féidir na ceanglais a leagtar amach i bpointí 5.1., 5.2 agus 5.3. a chomhlíonadh le hinneall atá feistithe le ARL agus comhéadan cumarsáide, beidh feidhm ag pointe 1.4.";

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.4:

"6.4. Leanfaidh monaróirí na nósanna imeachta a leagtar amach i bhFoscríbhinn 4 le haghaidh chinneadh na dteagmhas oibre agus neamhoibre i gcomhair ríomh na n-astaíochtaí truailleán gásach i ndiaidh tástáil faireacháin inseirbhíse ar innill in innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é, ag úsáid PEMS.";


(18) cuirtear isteach pointí 6.5 agus 6.6 i ndiaidh phointe 6.4:

"6.5. I gcomhréir le pointe 4.2.2, i gcás ina n-úsáidtear sampláil chomhshonraí, beidh feidhm ag ceanglais phointí 6.1 go 6.3 go haonarach ar gach ord oibríochta sula gcuirfear na hoird oibríochta le chéile. Cuirfear cinneadh na dteagmhas oibre agus neamhoibre, a leagtar amach i bpointe 6.4, agus na ríomhanna a leagtar amach i bpointe 8 i bhfeidhm ar an tsampláil chomhshonraí chríochnaithe.

6.6. Tugtar breac-chuntas i bhFíor 3 ar an ord foriomlán le haghaidh faireachán inseirbhíse, lena n-áirítear pleanáil, ullmhú agus suiteáil PEMS, nósanna imeachta tástála, réamhphróiseáil sonraí, ríomhanna sonraí agus bailíochtú.

Físir 3

Léaráid ar an ord foriomlán chun faireachán inseirbhíse a dhéanamh



";

(19) cuirtear an méid a leanas in ionad phointí 7 agus 8:

"7. **Infhaighteacht sonraí tástála**

Ní athrófar ná ní bhainfear sonraí ón gcomhad/ó na comhaid sonraí loma tástála a úsáidtear chun pointe 6 a chur i gcrích. Coinneoidh an monaróir an comhad/na comhaid sonraí loma tástála ar feadh 10 mbliana ar a laghad agus cuirfear faoi bhráid an údaráis formheasa agus an Choimisiúin é nó iad arna iarraidh sin.

8. **Ríomhanna**

Leanfaidh monaróirí na nósanna imeachta a leagtar amach i bhFoscríbhinn 5 le haghaidh ríomhanna na n-astaíochtaí truailleán gásach le haghaidh faireachán inseirbhíse na n-inneall in innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é, ag úsáid PEMS.

8.1. I gcás inneall ag a bhfuil ARL a táirgeadh le comhéadan cumarsáide, a bhí beartaithe chun bailiú sonraí toirc innill agus luais an innill a cheadú, mar a shonraítear i dTábla 1 i bhFoscríbhinn 7, déanfar na ríomhanna agus tuairisceofar na torthaí don mhodh saotharbhunaithe agus don mhodh bunaithe ar an mais CO_2 araon. I ngach cás eile, déanfar na ríomhanna agus tuairisceofar na torthaí don mhodh bunaithe ar an mais CO_2 amháin.

8.2. I ngach cás, déanfar na ríomhanna faoi dhó i ndiaidh réamhphróiseáil na sonraí i gcomhréir le pointe 6.3 san Fhoscríbhinn seo:

(a) agus úsáid á baint as teagmhais oibre amháin, a cinneadh i gcomhréir le pointe 6.4 san Fhoscríbhinn seo agus tréimhsí ama bailí, ar an gcéad dul síos, agus;

(b) ar an dara dul síos, agus úsáid á baint as sonraí, nach gcuireann pointe 6.3 san Fhoscríbhinn seo as an áireamh iad, gan pointe 6.4 den Fhoscríbhinn seo a chur i bhfeidhm, agus gan tréimhsí ama bailí mar a leagtar amach i bpointí 2.2.2 agus 2.3.1 d'Fhoscríbhinn 5 a chur as an áireamh.";

(20) leasaítear Aguisín 1 mar a leanas:

(a) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) Sreabhmhéadar Sceite (SS) bunaithe ar phrionsabal meánaithe Pitot, nó an prionsabal coibhéiseach, seachas i gcás ina bhféadfar tomhas sreibhe sceite indírigh a chur i bhfeidhm, faoi mar a cheadaítear le nóta (3) a ghabhann leis an tábla i bpointe 1 i bhFoscríbhinn 2;";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2 go 2.2.2:

"2. Ceanglais ionstraimí táscacha

2.1. Comhlíonfaidh Ionstraimí Táscacha na ceanglais ar sheiceálacha calabrúcháin agus feidhmíochta a leagtar amach i Roinn 8.1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 (*) ón gCoimisiún, ach amháin mar a leagtar amach i bpointí 2.1.1 agus 2.1.2. Tabharfar aird ar leith ar dhéanamh na gníomhaíochta a leanas:

(a) fíorú sceitheadh thaobh an fholúis sa PEMS mar a leagtar amach i Roinn 8.1.8.7 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654;

(b) fíorú na freagartha agus nuashonrú thaifeadadh an anailíseora gháis mar a leagtar amach i Roinn 8.1.5 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654.

2.1.1. Féadfaidh ann íosmhinicíocht le haghaidh fíorú líneacht an anailíseora gháis agus fíorú aistrithe an tiontaire NO2-go-NO a leagtar amach i dTáblaí 6.4 agus 6.5 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 a ardú go 3 mhí.

2.1.2. Beidh íosmhinicíocht sheiceálacha feidhmíochta agus calabrúcháin an tsreabhmhéadair sceite, agus sonraí na seiceálacha sin, mar an gcéanna leo siúd a shonraíonn monaróir na hionstraime.

2.2. Comhlíonfaidh na hionstraimí táscacha an tsonraíocht a leagtar amach i Roinn 9.4 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus ghinearálta i ndáil le teorainneacha astaíochtaí agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é (IO L 102, 13.4.2017, lch. 1.)"

(c) cuirtear isteach pointí 2.3 agus 3 a leanas i ndiaidh phointe 2.2:

"2.3. Comhlíonfaidh na gáis anailíseacha a úsáidtear chun na hionstraimí táscacha a chalabrú na ceanglais a leagtar amach i Roinn 9.5.1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654.";

"3. An líne aistrithe agus ceanglais an tóireadóra samplála

3.1. Comhlíonfaidh an líne aistrithe na ceanglais a leagtar amach i Roinn 9.3.1.2 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654.

3.2. Comhlíonfaidh an tóireadóir samplála na ceanglais a leagtar amach i Roinn 9.3.1.1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654.";

(21) leasaítear Aguisín 2 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (1) go (4.1):

"1. **Paraiméadair na Tástála**

1.1. Na hastaíochtaí truailleán gásach atá le tomhas agus le taifeadadh le linn na tástála faireacháin inseirbhíse ná aonocsaíd charbóin (CO), hidreacharbóin iomlána (HC) agus ocsaídí nítrigine (NO_x). Ina theannta sin, tomhaisfear dé-ocsaíd charbóin (CO_2) chun na nósanna imeachta ríomha, a dtugtar tuairisc orthu i bhFoscríbhinn 5, a chumasú.

1.2. I gcás ina gcuireann an monaróir ina luí ar an údarás formheasa nach bhfuil sé praiticiúil an sreabhadh ó sceithscuainí iomadúla a chur le chéile, agus go bhfuil cosúlacht idir cumraíocht theicniúil agus oibríocht na coda den inneall a sceitheann isteach i ngach scuaine, beidh sé leordhóthanach na hastaíochtaí agus sreabhadh maise an sceite ó sceithscuaine amháin a thomhas. Sa chás sin, agus na ríomhanna a leagtar amach i bhFoscríbhinn 5 á ndéanamh, méadófar ráta láithreach shreabhadh maise na n-astaíochtaí ón scuaine tomhaiste faoi líon foriomlán na scuainí chun ráta foriomlán meandrach shreabhadh maise na n-astaíochtaí a fháil don inneall.

1.3. Tomhaisfear agus taifeadfar na paraiméadair a leagtar amach sa Tábla ag tréimhse samplála sonraí d'aon soicind amháin nó níos lú le linn na tástála faireacháin inseirbhíse:

Tábla

Paraiméadair na tástála

Paraiméadar	Aonad (1)	Foinse
Tiúchan HC (2)	csm	Anailíseoir gáis
Tiúchan CO (2)	csm	Anailíseoir gáis
Tiúchan NOx (2)	csm	Anailíseoir gáis
Tiúchan CO_2 (2)	csm	Anailíseoir gáis
Sreabhadh maise an sceite (3)	kg/h	SS
Teocht sceite (4)	K	SS nó ARL nó Braiteoir
Teocht chomhthimpeallach (5)	K	Braiteoir
Brú comhthimpeallach	kPa	Braiteoir
Bogthaise choibhneasta	%	Braiteoir
Torc an innill (6) (7)	Nm	ARL nó Braiteoir
Luas an innill (7)	rpm	ARL nó Braiteoir
Sreabhadh breosla an innill (7)	g/s	ARL nó Braiteoir
Teocht an fhuartháin innill (8)	K	ARL nó Braiteoir
Teocht aer iontógála an innill	K	ARL nó Braiteoir

Domhanleithead an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é	céim	GPS (roghnach)
Domhanfhad an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é	céim	GPS (roghnach)

([1]) I gcás ina n-úsáideann an sruth sonraí atá ar fáil aonaid atá éagsúil leis na cinn a éilítear leis an tábla, aistreofar an sruth sonraí sin isteach sna haonaid a éilítear le linn réamhphróiseáil na sonraí mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 3.

([2]) Tomhaiste nó ceartaithe chuig bonn fliuch.

([3]) Úsáidfear tomhas díreach shreabhadh maise an sceite mura bhfuil feidhm le ceann de na nithe a leanas:

(a) caolaíonn aer, atá in áit níos airde ná an áit a bhféadfaí sreabhmhéadar sceite a shuiteáil, an sceitheadh mar gheall ar an gcóras sceite a shuiteáiltear san innealra soghluaiste nach innealra bóthair é. Sa chás sin, tógfar an sampla sceite in áit níos airde ná pointe an chaolúcháin;

(b) cuireann an córas sceite atá suiteáilte san innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é, sciar den sceitheadh ar mhalairt slí chuig cuid eile den innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é, (m.sh. i gcomhair téimh) in áit atá níos airde ná an áit a bhféadfaí sreabhmhéadar sceite a chur;

(c) tá cumhacht tagartha ag an inneall, a bhfuil tástáil le déanamh air, atá níos mó ná 560 kW nó tá sé suiteáilte i soitheach uiscebhealaí intíre nó i bhfeithicil iarnróid agus taispeánann an monaróir don údarás formheasa nach bhfuil suiteáil sreabhmhéadar sceite praiticiúil mar gheall ar mhéid nó suíomh an sceite ar an NRMM;

(d) innill ó chatagóir RLR agus taispeánann an monaróir don údarás formheasa nach bhfuil suiteáil sreabhmhéadair sceite praiticiúil mar gheall ar shuíomh an sceite ar an NRMM.

Sna cásanna sin, i gcás ina bhfuil an monaróir in ann fianaise láidir a chur faoi bhráid an údaráis formheasa mar gheall ar an gcomhchoibhneas idir an sreabhadh maise breosla arna mheas ag an ARL agus an sreabhadh maise breosla, arna thomhas ar bhinse tástála dhinimiméadar an innill, d'fhéadfaí an sreabhmhéadar sceite a fhágáil ar lár agus d'fhéadfaí tomhais sreafa sceite indírigh (ón mbreosla nó sreabhadh aeir iontógála nó sreabhadh breosla agus an comhardú carbóin) a chur i bhfeidhm.

([4]) Chun fad na céime dúiseachta i ndiaidh teagmhas fada neamhoibre a chinneadh d'inneall ag a bhfuil gléas iarchóireála a úsáidtear le haghaidh laghdú NOx, mar a leagtar amach i bpointe 2.2.2 d'Fhoscríbhinn 4, tomhaisfear teocht ghás an sceite le linn an oird oibríochta laistigh de 30cm d'asraon an ghléis iarchóireála a úsáidtear le haghaidh laghdú NOx. I gcás ina ndéanfaí damáiste don iarchóireáil agus braiteoir á chur isteach laistigh de 30 cm, suiteálfar an braiteoir chomh gar agus is féidir don suíomh seo.

([5]) Úsáidtear braiteoir na teochta comhthimpeallaí nó braiteoir teochta aeir iontógála. Má úsáidtear braiteoir teochta aeir iontógála, comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach sa dara mír de phointe 5.1.

([6]) Beidh an luach taifeadta mar an gcéanna le (a) an torc glan; nó (b) an torc glan a ríomhtar ón torc iarbhír céatadáin innill, torc na frithchuimilte agus an torc tagartha, i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach i bpointe 2.1.1 d'Fhoscríbhinn 7. Beidh bunús an ghlantoirc mar an gcéanna leis an nglantorc neamhcheartaithe a sholáthraíonn an t-inneall, mar aon leis an trealamh agus na hinnill chúnta atá le cur san áireamh le haghaidh tástáil astaíochtaí i gcomhréir le Foscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654.

([7]) Ní éilítear é le haghaidh inneall a thástáiltear faoin Rialachán seo nach ndeartar le comhéadan cumarsáide a bheith acu bheadh in ann na sruthanna sonraí seo a sholáthar.

([8]) I gcás inneall aerfhuaraithe, taifeadfar an teocht ag suíomh an phointe tagartha a thugtar le fios i bpointe 3.7.2.2.1 de CHUID C d'Fhoscríbhinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/656 in áit theocht an fhuartháin.

2. **Fad na tástála**

2.1. Beidh fad na tástála, lena gcuimsítear gach ord oibríochta, fada go leor chun na teagmhais oibre seo a leanas a fháil:

(a) le haghaidh inneall i ngrúpaí IFI A agus C, idir cúig oiread agus seacht n-oiread an tsaothair thagartha in kWH arna déanamh ar an rith teodhúiseachta NRTC le linn na tástála cineálcheadaithe nó chun idir cúig oiread agus seacht n-oiread na maise tagartha CO_2 in g/timthriall ó rith teodhúiseachta NTRC na tástála cineálcheadaithe a tháirgeadh, mar a shonraítear i bpointí 11.3.1. agus 11.3.2. den aguisín a ghabhann le deimhniú cineálcheadaithe AE an chineáil innill nó na haicme inneall a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/656;

(b) le haghaidh inneall i ngrúpa IFI H, idir cúig oiread agus seacht n-oiread na hoibre tagartha in kWH arna déanamh ar an LSI-NRTC le linn na tástála cineálcheadaithe nó chun idir cúig oiread agus seacht n-oiread na maise tagartha CO_2 in g/timthriall den LSI-NRTC le linn na tástála cineálcheadaithe a tháirgeadh, mar a shonraítear i bpointí 11.3.1 agus 11.3.2 den aguisín a ghabhann le deimhniú cineálcheadaithe AE an chineáil innill nó na haicme inneall a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/656;

(c) le haghaidh inneall i ngrúpaí IFI E, I, O agus P idir trí oiread agus cúig oiread an tsaothair thagartha is infheidhme in kWH nó mais tagartha CO_2 in g/timthriall arna cinneadh ag toradh na tástála cineálcheadaithe, ag úsáid an mhodha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 9;

(d) le haghaidh inneall i ngrúpaí IFI nach liostaítear i bhfophointí (a), (b) nó (c) idir cúig oiread agus seacht n-oiread na hoibre tagartha is infheidhme in kWH nó mais tagartha CO_2 in g/timthriall arna cinneadh ag toradh na tástála cineálcheadaithe, ag úsáid an mhodha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 9.

2.2. Cuirfear na sonraí ar fad a bhaileofar le linn gach oird oibríochta i dtoll a chéile go croineolaíoch fiú má sháraítear an t-uasmhéid saothair nó mais CO_2 a shonraítear i bpointe 2.1, fophointí (a) go (d). Sa chás sin, le linn an ríomha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 5 den Rialachán seo:

(a) i gcás ina sáraíonn méid an tsaothair nó na maise tagartha CO_2 sna teagmhais oibre an t-uasmhéid sin, giorrófar an ríomh ag deireadh na hincriminte ama ina dtarlaíonn sé; agus,

(b) beidh na torthaí a thuairisceofar le haghaidh na tástála IFI i gcomhréir le pointe 10 den Iarscríbhinn seo a ghabhann leis an Rialachán seo mar an gcéanna le torthaí an ríomha ghiorraithe.

3. **Ullmhú an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é**

Cuimseoidh ullmhú an innealra shoghluaiste seo, nach innealra bóthair é, ar roghnaíodh a inneall le tástáil a dhéanamh air i gcomhréir le pointe 1.3 den Fhoscríbhinn seo ceann amháin ar a laghad díobh seo a leanas:

(a) seiceáil an innill: taifeadfar aon fhadhb a aimseofar, agus cuirfear faoi bhráid an údaráis formheasa é a luaithe is a bheidh sé réitithe;

(b) athsholáthar na hola, an bhreosla agus an imoibrí, más gá, i gcás nach bhfuil aon fhianaise dhoiciméadaithe ar fáil go gcomhlíonann an sreabhán i gceist an tsonraíocht a liostaítear sa phacáiste faisnéise cineálcheadaithe don chineál innill, agus má bhíonn sé indéanta go praiticiúil agus go heacnamaíoch amhlaidh a dhéanamh;

(c) comhlíonfaidh innill atá feistithe le ARL agus comhéadan cumarsáide pointe 5 den Fhoscríbhinn seo.

4. **Suiteáil PEMS**

4.1. Srianta suiteála

4.1.1. Ní imreoidh suiteáil PEMS aon tionchar ar astaíochtaí truailleán gásach nó feidhmíocht an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é.

4.1.2. Comhlíonfaidh an tsuiteáil na rialacháin sábháilteachta agus ceanglais árachais is infheidhme go háitiúil agus leanfaidh sé na treoracha arna n-eisiúint ag PEMS, ionstraimí táscacha, líne aistrithe agus monaróir an tóireadóra shamplála.

4.1.3. Ní féidir na córais PEMS a shuiteáil i gcás na n-inneall i ngrúpaí IFI M agus N gan an leithead lódála is infheidhme maidir leis an líonra iarnróid a shárú, cuimseoidh úsáid phointe 3.2.2 den Fhoscríbhinn seo tástáil na feithicle iarnróid agus é ina stad agus timthriall dualgais tástála ionadaíoch á úsáid arna chinneadh ag an monaróir agus arna chomhaontú leis an údarás formheasa.

4.1.4. Maidir le hinnill i ngrúpaí IFI E, I, O agus P, féadfar an t-inneall a bhaint as an innealra soghluaiste nach innealra bóthair é agus sa tástáil faireacháin inseirbhíse arna déanamh ar bhinse tástála dinimiméadair. Sa chás sin, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas:

(a) bainfear an t-inneall, chomh maith leis an gcóras iomlán rialaithe astaíochtaí, as an innealra soghluaiste nach innealra bóthair é agus cuirfear ar an mbinse tástála dinimiméadair é gan an córas rialaithe astaíochtaí a choigeartú;

(b) ní gá a thaispeáint don Údarás Formheasa nach bhfuil sé indéanta pointe 3.2.1 san Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh;

(c) d'ainneoin fhophointí (a) agus (b), déanfar an tástáil faireacháin inseirbhíse i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(d) comhaontófar an nós imeachta chun an t-inneall a bhaint as an innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é, agus é a shuiteáil sa chill tástála chun feidhmiú an innealra shoghluaiste, nach innealra bóthair é, a athchruthú, leis an údarás formheasa sula ndéanfar an tástáil IFI;

(e) úsáidfear timthriall dualgais tástála ionadaíoch arna chinneadh ag an monaróir agus arna chomhaontú leis an údarás formheasa i gcomhréir le pointe 3.2.2 san Iarscríbhinn seo;

(f) cuimseoidh an timthriall dualgais tástála d'fhophointe (e) raon luais agus lóid a léiríonn feidhmiú an mheaisín roghnaithe agus é á úsáid allamuigh. Áireofar leis na modhanna chun an raon sin a shuí, ach níl siad teoranta dóibh, sonraí oibriúcháin a logáil le haghaidh meaisín amháin den chineál céanna, nó níos mó, a oibrítear allamuigh;

(g) sonraí a shuí ar a mhéid atá na torthaí, a fhaightear ó úsáid an chórais PEMS, difriúil leo siúd a fhaightear ó úsáid chóras an bhinse tástála, féadfaidh tomhais chomhthráthacha, ag úsáid uirlisí binse tástála agus córas tomhais astaíochtaí, a chur le tomhais faireacháin inseirbhíse arna ndéanamh ar bhinse tástála dinimiméadair ag úsáid an chórais PEMS, i gcomhréir leis na ceanglais i Roinn 9 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654, arna bhfeidhmiú i gcomhréir le ceanglais roinn 8 den Iarscríbhinn sin;

(h) beidh feidhm ag na ceanglais i bpointí 6, 7, 8 agus 10 den Iarscríbhinn seo maidir le tomhais chomhthráthacha chomh maith, i gcomhréir le fophointe (g) agus cuimseoidh na sonraí tástála agus an tuarascáil tástála na tomhais seo.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4.6:

"4.6. Logálaí sonraí

I gcás ina bhfuil sonraí ARL le húsáid, ceanglófar logálaí sonraí leis an inneall ARL chun na paraiméadair innill a liostaítear i dTábla 1 d'Fhoscríbhinn 7 a thaifeadadh, agus i gcás inarb infheidhme, na paraiméadair a liostaítear i dTábla 2 d'Fhoscríbhinn 7.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5.1:

"5.1. Tomhas na teochta comhthimpeallaí

Tomhaisfear an teocht chomhthimpeallach ag tús an oird oibríochta agus ag deireadh an oird oibríochta ar a laghad. Déanfar an tomhas laistigh d'achar réasúnach ón innealra soghluaiste nach innealra bóthair é. Féadfar braiteoir nó comhartha ARL d'aertheocht iontógála an innill a úsáid.

Má úsáidtear aertheocht iontógála chun an teocht chomhthimpeallach a mheas, beidh an teocht chomhthimpeallach taifeadta mar an gcéanna leis an aertheocht iontógála, arna coigeartú ag an bhfritháireamh ainmniúil is infheidhme idir an teocht chomhthimpeallach agus an aertheocht iontógála mar a shonraíonn an monaróir. ";

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 6 go 8.2:

"6. **Logáil shonraí na tástála faireacháin inseirbhíse**

6.1. Roimh an ord oibríochta

Tosóidh sampláil sonraí na n-astaíochtaí truailleán gásach, tomhas na bparaiméadar sceite agus taifead shonraí an innill agus na sonraí comhthimpeallacha sula dtosófar an t-inneall.

6.2. Le linn an oird oibríochta

Leanfaidh sampláil sonraí na n-astaíochtaí truailleán gásach, tomhas na bparaiméadar sceite agus taifead shonraí an innill agus na sonraí comhthimpeallacha le linn ghnáth-oibríocht inúsáide an innill.

D'fhéadfaí an t-inneall a mhúchadh nó a thosú ach leanfaidh sampláil sonraí na n-astaíochtaí truailleán gásach, tomhas na bparaiméadar sceite agus taifead shonraí an innill agus na sonraí comhthimpeallacha le linn ord oibríochta iomlán an fhaireacháin inseirbhíse.

6.3. Tar éis an oird oibríochta

Ag deireadh ord oibríochta an fhaireacháin inseirbhíse, tabharfar go leor ama do na hionstraimí táscacha agus don logálaí sonraí chun ligean dá n-amanna freagartha imeacht thart. D'fhéadfaí an t-inneall a mhúchadh sula stoptar logáil na sonraí, nó ina dhiaidh sin.

7. **Seiceáil na n-anailíseoirí gáis**

7.1. Fíorú tréimhsiúil nialais le linn an oird oibríochta

I gcás ina bhfuil sé praiticiúil agus sábháilte é a dhéanamh, féadfar fíorú nialais a dhéanamh ar na hanailíseoirí gáis gach 2 uair an chloig le linn oird oibríochta.

7.2. Ceartú tréimhsiúil nialais le linn an oird oibríochta

Féadfar na torthaí a fhaightear ó na seiceálacha a dhéantar i gcomhréir le pointe 7.1 a úsáid chun ceartú féithithe nialais a dhéanamh le linn an oird oibríochta sin.

7.3. Fíorú féithithe i ndiaidh an oird oibríochta

Ní dhéanfar an fíorú féithithe ach amháin mura ndearnadh aon cheartú féithithe nialais le linn an oird oibríochta i gcomhréir le pointe 7.2.

7.3.1. Cuirfear na hanailíseoirí gáis ag nialas tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis chríoch an oird oibríochta agus trasnófar iad chun a bhféithiú a fhíorú i gcomparáid leis na torthaí réamhthástála.

7.3.2. Déanfar seiceálacha nialais, réise agus líneachta na n-anailíseoirí gáis mar a leagtar amach i bpointe 5.4.

8. **Mífheidhm innealra nó meaisín**

8.1. I gcás ina dtarlaíonn mífheidhm le linn oird oibríochta a dhéanann difear d'oibriú an innill agus má tharlaíonn ceann de na nithe a leanas:

(a) tugann an córas diagnóisice ar bord fógra follasach d'oibreoir an innealra shoghluaiste nach innealra bóthar é go raibh mífheidhm ann trí rabhadh amhairc mífheidhme, teachtaireacht téacs nó táscaire eile; nó,

(b) níl an t-innealra soghluaiste nach innealra bóthair é feistithe le córas diagnóisice mífheidhme nó le córas rabhaidh, ach braitear an mhífheidhm go soiléir leis an gcluas nó leis an tsúil;

measfar go bhfuil an t-ord oibríochta ar neamhní.

8.2. Ceartófar aon mhífheidhm sula ndéanfar aon ord oibríochta eile ar an inneall.";

(22) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2 go 6 i bhFoscríbhinn 3:

"2. **Eisiamh sonraí**

2.1. Cailliúint shealadach comhartha

2.1.1. Aithneofar aon chás ina gcailltear comhartha go sealadach.

2.1.2. Féadfaidh uasmhéid 2 % de shonraí, nach bhfuil tréimhse leanúnach níos mó ná 30 soicind aige, a fhágáil ar lár ó gach ord oibríochta de bharr roinnt cásanna neamhbheartaithe de chailliúint shealadach comhartha agus an chéad taifeadadh sonraí á dhéanamh, i gcomhréir le pointe 4.3 den Fhoscríbhinn.

2.1.3. I gcás ina bhfuil cásanna de chailliúint comhartha atá níos mó ná 2 % de na sonraí nó a mhaireann ar feadh tréimhse níos faide ná 30 soicind as a chéile san ord tástála, measfar go bhfuil an t-ord iomlán sin ar neamhní agus déanfar tástáil eile.

2.2. Seiceálacha tréimhsiúla ar uirlisí táscacha

2.2.1. Aithneofar aon phointe sonraí a thagann le seiceáil na n-anailíseoirí gáis i gcomhréir le pointe 7 d'Fhoscríbhinn 2 agus cuirfear as an áireamh iad ó thuilleadh próiseála ar ord oibríochta ach amháin mar a cheanglaítear chun an ceartú féithithe i bpointe 3 den Fhoscríbhinn seo a dhéanamh.

2.3. Dálaí comhthimpeallacha

2.3.1. Aithneofar aon phointe sonraí in ord oibríochta a thagann leis na coinníollacha comhthimpeallacha nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i bpointe 3.3 den Fhoscríbhinn seo.

2.3.2. Má sháraíonn sciar na bpointí sonraí a aithnítear ag Pointe 2.3.1 den Fhoscríbhinn seo 1 % measfar go bhfuil an t-ord iomlán sin ar neamhní agus déanfar tástáil eile.

2.3.3. Sa chás nach dtomhaistear na coinníollacha comhthimpeallacha ach ag tús agus deireadh na tástála, measfar go bhfuil an t-ord iomlán oibríochta ar neamhní mura gcomhlíonann aon cheann de na tomhais na ceanglais a leagtar amach i bpointe 3.3 den Iarscríbhinn.

2.4. Sonraí fuarthosaithe

Fágfar sonraí fuarthosaithe arna dtomhas ag úsáid astaíochtaí truailleán gásach ar lár sula ndéantar ríomhanna na n-astaíochtaí truailleán gásach.

2.4.1. Innill leachtfhuaraithe

Tosóidh sonraí tomhaiste bailí le haghaidh ríomhanna na n-astaíochtaí truailleán gásach tar éis do theocht fhuarthán an innill 343 K (70 °C) a bhaint amach den chéad uair nó tar éis chobhsú theocht fhuarthán an innill laistigh de +/– 2 K thar thréimhse 5 nóiméad, nó tar éis teocht chuisnithe an innill a chobhsú laistigh de +/– 5 K thar thréimhse 5 nóiméad i gcás tástálacha a dhéantar ag teocht chomhthimpeallach arb ionann í agus 273 15 K nó ar lú í ná sin, pé ceann a tharlaíonn ar dtús; in aon cás, tosóidh sé tráth nach déanaí ná 20 nóiméad tar éis dhúiseacht an innill.

2.4.2. Innill aerfhuaraithe

Tosóidh sonraí tomhaiste bailí le haghaidh ríomhanna na n-astaíochtaí truailleán gásach tar éis chobhsú na teochta arna tomhas ag an bpointe tagartha a aithnítear i bpointe 3.7.2.2.1 de CHUID C d'Fhoscríbhinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/656 laistigh de +/– 5 % thar thréimhse 5 nóiméad; in aon cás, tosóidh sé tráth nach déanaí ná 20 nóiméad tar éis dhúiseacht an innill.

3. **Ceartú féithithe**

3.1. An t-uasmhéid féithithe a cheadaítear

Beidh féithiú fhreagairt an nialais agus na freagartha réise níos lú ná 2 % den scála foriomlán ar an raon is ísle a úsáidtear:

(a) má bhíonn an difríocht idir na torthaí réamhthástála agus iarthástála níos lú ná 2 %, féadfaidh an tiúchan tomhaiste a úsáid gan é a cheartú nó féadfar é a cheartú le haghaidh féithiú i gcomhréir le pointe 3.2;

(b) má bhíonn an difríocht idir na torthaí réamhthástála agus iarthástála cothrom le 2 %, nó níos mó ná sin, ceartófar an tiúchan tomhaiste i gcomhair féithiú i gcomhréir le pointe 3.2. Mura ndéantar ceartú, measfar go mbeidh an tástáil ar neamhní.

3.2. Ceartú féithithe

3.2.1. Ríomhfar luach tiúchana ceartaithe an fhéithithe i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i Ranna 2.1 nó 3.5 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654.

3.2.2. Beidh an difríocht idir luachanna ceartaithe coscán-sonracha na n-astaíochtaí truailleán gásach laistigh de ± 6 % de luachanna neamhcheartaithe coscán-sonracha na n-astaíochtaí truailleán gásach. Má bhíonn an féithiú níos mó ná 6 %, measfar go mbeidh an tástáil ar neamhní.

3.2.2.1. Ríomhfar gach luach coscán-sonrach don astaíocht truailleán gásach ag úsáid mais chomhtháite astaíocht truailleán gásach an oird tástála roinnte ar an saothar foriomlán arna dhéanamh le linn an oird tástála. Déanfar an ríomh sin roimh chinneadh na dteagmhas oibre i gcomhréir le Foscríbhinn 4 nó ríomh na n-astaíochtaí truailleán gásach i gcomhréir le Foscríbhinn 5.

3.2.3. Má chuirtear ceartú féithithe i bhfeidhm, ní úsáidfear ach torthaí féithcheartaithe na n-astaíochtaí truailleán gásach agus na hastaíochtaí truailleán gásach á dtuairisciú.

4. **Ailíniú ama**

Chun éifeacht laofa an aga moille idir na comharthaí éagsúla ar na ríomhanna de mhais na n-astaíochtaí truailleán gásach a íoslaghdú, ailíneofar na sonraí ábhartha le haghaidh ríomhanna na n-astaíochtaí truailleán gásach ó thaobh ama de, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bpointí 4.1 go 4.4.

4.1. Sonraí na n-anailíseoirí gáis

Ailíneofar na sonraí ó na hanailíseoirí gáis i gceart i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i Roinn 8.1.5.3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654.

4.2. Anailíseoirí gáis agus sonraí ón sreabhmhéadar sceite

Ailíneofar na sonraí ó na hanailíseoirí gáis i gceart le sonraí ón sreabhmhéadar sceite ag úsáid an nós imeachta a leagtar amach i bpointe 4.4.

4.3. PEMS agus sonraí an innill

Ailíneofar na sonraí ó PEMS (na hanailíseoirí gáis agus sreabhmhéadar sceite) i gceart le sonraí ó ARL an innill ag úsáid an nós imeachta a leagtar amach i bpointe 4.4.

4.4. Nós imeachta le haghaidh ailíniú ama feabhsaithe na sonraí PEMS

Roinntear na paraiméadair tástála a liostaítear sa Tábla i bhFoscríbhinn 2 i dtrí chatagóir dhifriúla:

Catagóir 1: Anailíseoirí gáis (tiúchan HC, CO, CO_2, NO_x)

Catagóir 2: SS (Sreabhadh maise an sceite agus an teocht sceite);

Catagóir 3 Inneall (Torc, luas, teochtaí, ráta breosla ó ARL).

Gheofar an chomhéifeacht chomhghaolúcháin is airde idir dhá shraith paraiméadair tástála chun ailíniú ama gach catagóire leis an dá chatagóir eile a fhíorú. Bogfar gach paraiméadar tástála i gcatagóir chun an fachtóir comhghaolúcháin a uasmhéadú. Úsáidfear na paraiméadair tástála a leanas chun na comhéifeachtaí comhghaolúcháin a ríomh:

(a) Catagóirí 1 agus 2 (Anailíseoirí gáis agus sonraí SS) le Catagóir 3 (Sonraí an innill): sreabhadh maise an sceite ón Sreabhmhéadar Sceite le torc ó ARL;

(b) Catagóir 1 le Catagóir 2: an tiúchan CO_2 agus sreabhadh maise an sceite;

(c) Catagóir 1 le Catagóir 3: an tiúchan CO_2 agus sreabhadh breosla an innill;

4.4.1. I gcás inneall, nach ndeartar le comhéadan cumarsáide a bheith acu chun sonraí ARL a bhailiú, mar a shonraítear i bhFoscríbhinn 7, fágfar an comhghaolúchán ag pointe 4.4, fophointí (a) agus (c) ar lár.

4.4.2. I gcás inneall, dar fágadh tomhas díreach an tsreafa maise sceite ar lár i gcomhréir le nóta (3) a ghabhann leis an Tábla i bhFoscríbhinn 2, fágfar an comhghaolúchán ag pointe 4.4, fophointe (a) ar lár.

5. **Seiceáil comhsheasmhachta sonraí**

5.1. Anailíseoirí gáis agus sonraí ón sreabhmhéadar sceite

Maidir le hinnill a dheartar le comhéadan cumarsáide a bheith acu a bheadh in ann sreabhadh breosla a sholáthar i gcomhréir le Tábla 2 i bhFoscríbhinn 7, fíorófar comhsheasmhacht na sonraí (sreabhadh maise an sceite arna thomhas leis an Sreabhmhéadar Sceite agus tiúchain gháis) ag úsáid comhghaolúcháin idir sreabhadh breosla tomhaiste an innill ó ARL agus sreabhadh breosla an innill, arna ríomh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Roinn 2.1.6.4 in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654.

Déanfar cúlchéimniú líneach le haghaidh luachanna tomhaiste agus ríofa ráta an bhreosla. Úsáidfear modh an mhéid is lú cearnóg, agus beidh an leagan amach a leanas ag an gcothromóid is oiriúnaí:

$y = mx + b$

Mar a bhfuil:

— (a) is ionann “y” agus an ráta ríofa breosla [g/s];

— (b) is ionann “m” agus grádán na líne cúlchéimnithe;

— (c) is ionann “x” agus an ráta tomhaiste breosla [g/s];

— (d) is ionann “b’ agus trasphointe y na líne cúlchéimnithe.

Ríomhfar an grádán (m) agus an chomhéifeacht chinntiúcháin (r^2) le haghaidh gach líne chúlchéimnithe. Moltar go ndéanfaí an anailís seo sa raon idir 15 % den uasluach agus an t-uasluach agus ag minicíocht níos airde nó cothrom le 1 Hz. Ionas go measfar go bhfuil tástáil bailí, déanfar meastóireacht ar an dá chritéir a leanas:

Tábla 1

Lamháltais

Grádán na líne cúlchéimnithe, m	0.9 go 1.1 - Molta
An chomhéifeacht chinntiúcháin, r^2	Íos. 0.90 - Sainordaitheach

5.2. Sonraí toirc ARL

I gcás ina bhfuil sonraí toirc ARL le húsáid sna ríomhanna, fíorófar comhsheasmhacht na sonraí toirc ARL trí chomparáid a dhéanamh idir na huasluachanna toirc ARL ag luasanna innill éagsúla (más iomchuí) agus na luachanna comhfhreagracha ar chuar toirc lánualach an innill oifigigh agus i gcomhréir le Foscríbhinn 6.

5.3. Ídiú Breosla Coscán-Sonrach (ÍBCS)

I gcás ina bhfuil sonraí ARL ar fáil, seiceálfar ÍBCS tríd an méid seo a leanas a úsáid:

(a) ídiú an bhreosla arna ríomh ó shonraí na n-astaíochtaí truailleán gásach (tiúchain na n-anailíseoirí gáis agus sonraí shreabhadh maise an sceite), i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Roinn 2.1.6.4 in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654;

(b) an saothar arna ríomh ag úsáid na sonraí ó ARL (Torc an innill agus luas an innill).

5.4. Brú comhthimpeallach

Seiceálfar luach an bhrú chomhthimpeallaigh in aghaidh na hairde á tabhairt le fios ag na sonraí GPS, má táthar ar fáil.

5.5. D'fhéadfadh sé go measfadh an t-údarás formheasa go bhfuil an tástáil ar neamhní mura bhfuil sé sásta le torthaí sheiceáil comhsheasmhachta na sonraí.

6. **Ceartú tirim-fliuch**

Má thomhaistear an tiúchan ar bhonn tirim, aistreofar go bonn fliuch é i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Roinn 2 nó 3 in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654.

7. **Ceartú NOx le haghaidh bogthaise agus teochta**

Ní cheartófar na tiúchain NOx arna dtomhas ag na hanailíseoirí gáis maidir le teocht agus bogthaise an aeir chomhthimpeallaigh.";

(23) i bhFoscríbhinn 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2. agus 3.:

"2. **An nós imeachta chun teagmhais neamhoibre a chinneadh**

2.1. Is ionann teagmhais neamhoibre agus ceann díobh seo a leanas:

(a) maidir le hinnill nach ndeartar chun comhéadan cumarsáide a bheith acu a bheadh in ann sonraí toirc agus luais a sholáthar i gcomhréir le Tábla 1 d'Fhoscríbhinn 7, ríomhfar an tseach-chumhacht mheandrach arna cinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bhFoscríbhinn 10, nó;

(b) i ngach cás eile, má tá cumhacht mheandrach an innill

faoi bhun 10 % de chumhacht tagartha an innill, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (26) de Rialachán (AE) 2016/1628 agus mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin le haghaidh gach (fo)c(h)atagóire innill, don chineál innill faoi réir thástáil IFI.

2.1.1. Maidir le hinnill a thástáiltear faoin Rialachán seo nach ndeartar chun comhéadan cumarsáide a bheith acu a bheadh in ann sonraí toirc agus luais a sholáthar i gcomhréir le Tábla 1 d'Fhoscríbhinn 7, ríomhfar an tseach-chumhacht mheandrach ag úsáid an nós imeachta a dtugtar tuairisc air i bhFoscríbhinn 10 sula gcuirfear i bhfeidhm an nós imeachta san Fhoscríbhinn seo.

2.2. Déanfar na céimeanna breise seo a leanas:

2.2.1. Déanfar teagmhais neamhoibre níos giorra ná D0 a mheas a bheith ina dteagmhais oibre agus cumascfar iad leis na teagmhais oibre timpeall orthu (féach Tábla 2 le haghaidh luachanna D0).??

2.2.2. Déanfar teagmhais oibre níos giorra ná D0 a bhfuil teagmhais neamhoibre níos faide ná D1 timpeall orthu a mheas a bheith ina dteagmhais neamhoibre agus cumascfar iad leis na teagmhais neamhoibre timpeall orthu (féach Tábla 2 le haghaidh luachanna D1)

2.2.3. Maidir leis an gcéim dhúiseachta i ndiaidh teagmhais fhada neamhoibre (> D2) i gcás innill atá feistithe le gaireas iarchóireála a úsáidtear chun NOx a laghdú agus teocht ghás an sceite a thomhas i gcomhréir le nóta (4) a ghabhann le Tábla Fhoscríbhinn 2, measfar é sin freisin a bheith ina teagmhas neamhoibre go dtí go sroichfidh teocht ghás an sceite 523 K. Mura sroichfidh teocht ghás an sceite 523 K laistigh de 3 nóiméad, measfar gach teagmhas i ndiaidh D3 a bheith ina dteagmhais oibre (féach Tábla 2 le haghaidh luachanna D2 agus D3).

2.2.4. I gcás gach teagmhais neamhoibre, déanfar na chéad nóiméid D1 den teagmhas a mheas mar theagmhas oibre.

3. **Algartam marcála "oibre meaisín" chun ceanglais phointe 2 a chur chun feidhme**

Cuirfear pointe 2 chun feidhme sa seicheamh a leagtar amach i bpointí 3.1 go 3.4.

3.1. Céim 1: Iad a bhrath agus a dheighilt ina dteagmhais oibre agus neamhoibre.

(a) sainaithin na teagmhais oibre agus neamhoibre i gcomhréir le pointe 2.1;

(b) ríomh fad na dteagmhas neamhoibre;

(c) marcáil na teagmhais neamhoibre atá níos giorra ná D0 mar theagmhais oibre;

(d) ríomh fad na dteagmhas oibre.

3.2. Céim 2: Déan teagmhais ghearra oibre (≤ D0) a chumasc leis na teagmhais neamhoibre.

Na teagmhais oibre úd atá níos giorra ná D0 agus a bhfuil teagmhais neamhoibre níos faide ná D1 rompu agus ina ndiaidh araon, marcáil mar theagmhais neamhoibre iad.

3.3. Céim 3: Cuir teagmhais oibre i ndiaidh teagmhais fhada neamhoibre as an áireamh (céim dhúiseachta).

I gcás inarb infheidhme pointe 2.2.3, déan teagmhais oibre i ndiaidh teagmhais fhada neamhoibre (> D2) a mharcáil mar theagmhais neamhoibre go dtí;

(a) go sroichfidh teocht ghás an sceite 523 K; nó

(b) go mbeidh D3 nóiméad thart;

cibé acu a tharlaíonn ar dtús.

3.4. Céim 4: Cuir teagmhais neamhoibre i ndiaidh teagmhais oibre san áireamh.

Cuir nóiméid D1 de theagmhas neamhoibre i ndiaidh aon teagmhas oibre san áireamh mar chuid den teagmhas oibre sin.

Tábla 2

Luachanna le haghaidh pharaiméadair D0, D1, D2 agus D3

Paraiméadair	Luach
D0	2 nóiméad
D1	2 nóiméad
D2	10 nóiméad
D3	4 nóiméad

";

(24) I bhFoscríbhinn 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2.1 go 2.3.2:

"2.1. Modh meánaithe astaíochtaí laistigh d'achar ama ar leith

2.1.1. Ceanglais Ghinearálta

Is éard atá i meánú laistigh d'achar ama ar leith an fothacar den tacar iomlán sonraí arna ríomh le linn na tástála faireacháin inseirbhíse arb ionann a shaothar nó a mhais CO_2 agus saothar nó mais CO_2 an innill arna dtomhas in imeacht an timthrialla tástála saotharlainne tagartha. Úsáidfear modh meánaithe astaíochtaí laistigh d'achar ama ar leith chun mais na n-astaíochtaí truailleán gásach agus na tosca comhréireachta a ríomh, bunaithe ar an saothar tagartha (nós imeachta a leagtar amach i bpointe 2.2) agus ar an mais tagartha CO_2 (nós imeachta a leagtar amach i bpointe 2.3) arna dtomhas in imeacht an timthrialla tástála saotharlainne tagartha.

Comparáid idir cumhacht an innill agus astaíochtaí truailleán gásach na meánuithe laistigh d'achar ama ar leith, ag tosú leis an gcéad mheánú laistigh d'achar ama ar leith, le himeacht ama.

Déanfar na ríomhanna i gcomhréir leis na fophointí seo a leanas:

(a) ní dhéanfar sonraí ar bith arna n-eisiamh, faoi théarmaí Fhoscríbhinn 4, a mheas le haghaidh ríomhanna an tsaothair nó mhais CO_2 ná le haghaidh ríomhanna astaíochtaí truailleán gásach agus tosca comhréireachta na meánuithe laistigh d'achar ama ar leith, seachas mar a cheanglaítear le pointe 4(f) den Fhoscríbhinn seo;


(b) úsáidfear incrimint ama Δt arb ionann í agus an tréimhse samplála sonraí chun na meánuithe laistigh d'achar ama ar leith a ríomh. Déanfar tús an achair ama ar leith a ndéantar meánú laistigh de a athrú go hincriminteach de réir an mhéid sin gach uair a dhéantar an próiseas atriallach;

(c) gheofar mais na n-astaíochtaí truailleán gásach i gcás gach meánaithe laistigh d'achar ama ar leith (mg/meánú laistigh d'achar ama ar leith) trí chomhtháthú a dhéanamh ar mhais na n-astaíochtaí meandracha truailleán gásach sa mheánú laistigh d'achar ama ar leith;

(d) i gcás innill a bhfuil ARL acu a dheartar chun comhéadan cumarsáide a bheith acu lena raibh sé beartaithe go mbeifí in ann sonraí toirc agus luais an innill a bhailiú, mar a shonraítear i dTábla 1 d'Fhoscríbhinn 7, déanfar na ríomhanna agus tuairisceofar na torthaí don mhodh saotharbhunaithe agus don mhodh bunaithe ar mhais CO_2 araon. I ngach cás eile, déanfar na ríomhanna agus tuairisceofar na torthaí don mhodh bunaithe ar mhais CO_2 amháin.

Fíor 4

Comparáid idir cumhacht an innill agus astaíochtaí truailleán gásach na meánuithe laistigh d'achar ama ar leith, ag tosú leis an gcéad mheánú laistigh d'achar ama ar leith, le himeacht ama



2.1.2. Luachanna tagartha

Mar a leanas a chinnfear an saothar tagartha agus an mhais thagartha CO_2 le haghaidh cineál innill, nó le haghaidh gach cineáil innill laistigh den aicme chéanna inneall:

(a) maidir le hinnill i ngrúpaí IFI A agus C, na luachanna sin ón rith teodhúiseachta NRTC le linn tástála cineálcheadaithe ar an máthair-inneall mar a shonraítear i bpointí 11.3.1 agus 11.3.2 den aguisín a ghabhann le deimhniú cineálcheadaithe AE an chineáil innill nó na haicme inneall, a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/656;


(b) maidir le hinnill i ngrúpa IFI H, na luachanna sin ón rith LSI-NRTC le linn tástáil cineálcheadaithe ar an máthair-inneall;

(c) maidir le hinnill i ngrúpaí IFI nach liostaítear i bhfophointí (a) nó (b), na luachanna sin arna gcinneadh ag toradh na tástála cineálcheadaithe ar an máthair-inneall, ag úsáid an mhodha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 9.

2.2. Modh saotharbhunaithe

Fíor 5

Modh saotharbhunaithe



Déantar fad $(t_{2,i} - t_{1,i})$ an iú meánú laistigh d'achar ama ar leith a chinneadh dá réir seo:

$W(t_{2,i}) - W(t_{1,i}) \geq W_{ref}$

Mar a bhfuil:

— $W(t_{j,i})$ cothrom leis an saothar innill arna thomhas idir an tús agus an t-am $t_{j,i}$, kWh,

— W_{ref} cothrom leis an saothar tagartha innill arna chinneadh de réir phointe 2.1.2, kWh,

— $t_{2,i}$ le roghnú ar bhealach go mbeidh:

$$W(t_{2,i} - \Delta t) - W(t_{1,i}) < W_{ref} \leq W(t_{2,i}) - W(t_{1,i})$$

Mar arb é Δt an tréimhse samplála sonraí, cothrom le 1 soicind nó níos lú.

2.2.1. Ríomhanna na n-astaíochtaí truailleán gásach a bhaineann go sonrach le coscáin

Déanfar na hastaíochtaí truailleán gásach coscán-sonracha e_{gas} (g/kWh) a ríomh le haghaidh gach meánaithe laistigh d'achar ama ar leith agus le haghaidh gach truailleáin ghásaigh ar an mbealach seo a leanas:

$$e_{gas} = \frac{m_i}{W(t_{2,i}) - W(t_{1,i})}$$

Mar a bhfuil:

— m_i cothrom le hastaíochtaí an truailleáin ghásaigh de réir maise le linn an iú meánú laistigh d'achar ama ar leith, g/meánú laistigh d'achar ama ar leith,

— $W(t_{2,i}) - W(t_{1,i})$ cothrom leis an saothar innill le linn an iú meánú laistigh d'achar ama ar leith, kWh.

2.2.2. Roghnú meánuithe bailí laistigh d'achar ama ar leith

Is iad na meánuithe bailí laistigh d'achar ama ar leith na cinn ina bhfuil an mheánchumhacht níos mó ná an tairseach chumhachta 20 % den chumhacht tagartha, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (26), de Rialachán (AE) 2016/1628 agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin le haghaidh gach (fo)c(h)atagóire innill, don chineál innill faoi réir thástáil IFI, seachas le haghaidh innill i gcatagóir ATS mar arb ionann an chumhacht tagartha agus an chumhacht faoi luas idirmheánach mar a shainmhínítear i Roinn 5.2.5.4, pointe (f) d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654. Beidh céatadán na meánuithe bailí laistigh d'achar ama ar leith cothrom le 50 % nó níos mó.

2.2.2.1. Má tá céatadán na n-achar bailí ama ar leith níos lú ná 50 %, déanfar an mheastóireacht ar na sonraí arís ag úsáid tairseacha cumhachta níos lú. Déanfar an tairseach cumhachta a laghdú ó 20 % ina céimeanna, 1 % an ceann, go dtí go mbeidh céatadán na n-achar bailí ama ar leith cothrom le 50 % nó níos mó.

2.2.2.2. In aon chás, ní bheidh an tairseach cumhachta is ísle níos ísle ná 10 %.

2.2.2.3. Measfar an tástáil a bheith ar neamhní má bhíonn an céatadán meánuithe bailí laistigh d'achar ama ar leith níos lú ná 50 % ag tairseach cumhachta 10 %.

2.2.3. Ríomhanna tosca comhréireachta

Ríomhfar na tosca comhréireachta le haghaidh gach meánaithe bhailí laistigh d'achar ama ar leith agus le haghaidh gach truailleáin ghásaigh ar an mbealach seo a leanas:

$$CF = \frac{e_{gas}}{L}$$

Mar a bhfuil:


— e_{gas} cothrom le hastaíocht choscán-sonrach an truailleáin ghásaigh, g/kWh;

— L cothrom leis an teorainn is infheidhme, g/kWh.

2.3. An modh bunaithe ar mhais CO_2

Fíor 6

An modh bunaithe ar mhais CO_2



Déantar fad $(t_{2,i} - t_{1,i})$ an i[u] meánú laistigh d'achar ama ar leith a chinneadh dá réir seo:

$$m_{CO_2}(t_{2,i}) - m_{CO_2}(t_{1,i}) \geq m_{CO_2,ref}$$

Mar a bhfuil:

$m_{CO_2}(t_{1,i})$ cothrom leis an mais CO_2 arna tomhas idir tús na tástála agus an t-am $t_{j,i}$, g;

$m_{CO_2,ref}$ cothrom leis an mais tagartha CO_2 arna cinneadh i ngraim (g) i gcomhréir le pointe 2.1.2,

— — $t_{2,i}$ le roghnú ar bhealach go mbeidh:

$$m_{CO_2}(t_{2,i} - \Delta t) - m_{CO_2}(t_{1,i}) < m_{CO_2,ref} \leq m_{CO_2}(t_{2,i}) - m_{CO_2}(t_{1,i})$$

Mar arb é Δt an tréimhse samplála sonraí, cothrom le 1 soicind nó níos lú.

Déantar na maiseanna CO_2 a ríomh sna meánuithe laistigh d'achar ama ar leith trí chomhtháthú a dhéanamh ar na hastaíochtaí meandracha truailleán gásach arna ríomh i gcomhréir leis na ceanglais a tugadh isteach i bpointe 1.

2.3.1. Roghnú meánuithe bailí laistigh d'achar ama ar leith

Is é a bheidh sna meánuithe bailí laistigh d'achar ama ar leith na cinn nach faide iad ná an fad uasta a ríomhtar dá réir seo:

$$D_{max} = 3\ 600 \bullet \frac{W_{ref}}{0{,}2 \bullet P_{max}}$$

Mar a bhfuil:

— D_{max} cothrom le fad uasta an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith, s,

— P_{max} cothrom leis an gcumhacht tagartha, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (26), de Rialachán (AE) 2016/1628, kW, agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin le haghaidh gach (fo)c(h)atagóire innill, don chineál innill faoi réir thástáil IFI, seachas le haghaidh innill i gcatagóir ATS mar arb ionann an chumhacht tagartha agus an chumhacht ar luas idirmheánach mar a shainmhínítear i Roinn 5.2.5.4, pointe (f) d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654.

Beidh céatadán na meánuithe bailí laistigh d'achar ama ar leith cothrom le 50 % nó níos mó.

2.3.1.1. Má tá céatadán na n-achar bailí ama ar leith níos lú ná 50 %, déanfar an mheastóireacht ar na sonraí arís ag úsáid achair ama ar leith níos faide. Déantar sin trí laghdú a dhéanamh ar an luach 0,2 san fhoirmle a thugtar i bpointe 2.3.1 ina chéimeanna, 0,01 % an ceann, go dtí go mbeidh céatadán na n-achar bailí ama ar leith cothrom le 50 % nó níos mó.

2.3.1.2. In aon chás, ní ísle ná 0.10 % a bheidh an luach is ísle san fhoirmle thuas.

2.3.1.3. Beidh an tástáil ar neamhní má bhíonn an céatadán achar bailí ama ar leith níos lú ná 50 % ag fad uasta achair ama ar leith arna ríomh i gcomhréir le pointí 2.3.1., 2.3.1.1. agus 2.3.1.2.

2.3.2. Ríomhanna tosca comhréireachta

Ríomhfar tosca comhréireachta le haghaidh gach meánaithe laistigh d'achar ama ar leith agus le haghaidh gach truailleáin ghásaigh ar an mbealach seo a leanas:

$$CF = \frac{CF_I}{CF_C}$$

Agus

$$CF_I = \frac{m_i}{m_{CO_2}(t_{2,i}) - m_{CO_2}(t_{1,i})} \text{ (cóimheas inseirbhíse) agus}$$

$$CF_C = \frac{m_L}{m_{CO_2,ref}} \text{ (cóimheas deimhniúcháin)}$$

Mar a bhfuil:

— m_i cothrom le hastaíocht an truailleáin ghásaigh de réir maise le linn an i^{ú} meánú laistigh d'achar ama ar leith, g/meánú laistigh d'achar ama ar leith,

$m_{CO_2}(t_{2,i}) - m_{CO_2}(t_{1,i})$ cothrom leis an mais CO_2 le linn an i^{ú} meánú laistigh d'achar ama ar leith, g/meánú laistigh d'achar ama ar leith,

$m_{CO_2,ref}$ cothrom le mais tagartha CO_2 an innill arna cinneadh i gcomhréir le pointe 2.1.2, fophointe (g),

— m_L cothrom le hastaíocht an truailleáin ghásaigh de réir maise a chomhfhreagraíonn don teorainn leis an timthriall tástála tagartha is infheidhme, g.

m_L le cinneadh mar a leanas:

$$m_L = L \bullet W_{ref}$$

Mar a bhfuil:

— L cothrom leis an teorainn is infheidhme, g/kWh

— W_{ref} cothrom le saothar tagartha an innill arna chinneadh i gcomhréir le pointe 2.1.2, kWh.";

(25) I bhFoscríbhinn 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

"2. **Neamhfhéidearthacht comhréireacht an chomhartha toirc ARL a sheiceáil**

Nuair a léiríonn an monaróir don údarás formheasa nach féidir an comhartha toirc ARL a sheiceáil le linn na tástála faireacháin inseirbhíse, glacfaidh an t-údarás formheasa leis an bhfíorú a dhéantar i gcomhréir le ceanglais Fhoscríbhinn 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 le linn na dtástálacha a éilítear le haghaidh chineálcheadú AE agus a luaitear sa deimhniú ar chineálcheadú AE.

Maidir le hinnill i ngrúpaí IFI nach A, C ná H iad, féadfaidh an t-údarás formheasa glacadh le léiriú ar leithligh a dhéantar i gcomhréir le ceanglais Fhoscríbhinn 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 agus a úsáideann na nósanna imeachta léarscáilithe innill seo a leanas de chuid na hIarscríbhinne sin:

(a) maidir le hinnill i ngrúpa IFI I, agus maidir le hinnill faoi luas inathraithe i ngrúpaí IFI E, F, G, J, K, L, M agus N, Roinn 7.6.1;

(b) maidir le gach inneall eile, Roinn 7.6.3.

I gcás ina ndéanfar an t-inneall a léarscáiliú faoi luas seasmhach i gcomhréir le fophointe (b), beidh sé leordhóthanach na léamha toirc arna dtomhas ag an dinimiméadar agus na léamha toirc arna gcraoladh ag ARL a thomhas agus a chur i gcomparáid le chéile ag an bpointe aonair glanchumhachta rátaithe.";

(26) I bhFoscríbhinn 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1 go 1.3:

"1. **Sonraí atá le soláthar**

1.1. I gcás ina n-úsáidfear ARL chun torc innill, luas innill nó teocht an fhuartháin innill a sholáthar, soláthrófar na sonraí sin ar a laghad i gcomhréir le Tábla 1.

Tábla 1

Sonraí tomhais

Paraiméadar	Aonad [1]
Torc innill [2]	Nm
Luas innill	rpm
Teocht an fhuartháin innill	K

[1] I gcás ina n-úsáideann an sruth sonraí atá ar fáil aonaid atá difriúil leis na cinn a éilítear leis an tábla, aistreofar an sruth sonraí sin isteach sna haonaid a éilítear le linn réamhphróiseáil na sonraí mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 3.

[2] Is é a bheidh sa luach a sholáthrófar (a) an glantorc coscánaithe innill nó (b) an glantorc coscánaithe innill arna ríomh ó luachanna toirc iomchuí eile mar a shainítear i gcaighdeán an phrótacail chomhfhreagraigh a leagtar amach i bpointe 2.1.1. Beidh bunús an ghlantoirc mar an gcéanna leis an nglantorc neamhcheartaithe a sholáthraíonn an t-inneall, mar aon leis an trealamh agus na hinnill chúnta atá le cur san áireamh le haghaidh tástáil astaíochtaí i gcomhréir le Foscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654.

1.2. I gcás nach dtomhaiseann braiteoirí seachtracha an brú comhthimpeallach ná an teocht chomhthimpeallach, soláthróidh ARL na sonraí sin i gcomhréir le Tábla 2.

Tábla 2

Sonraí breise tomhais

Paraiméadar	Aonad ([1])
Teocht chomhthimpeallach ([2])	K
Brú comhthimpeallach	kPa
Sreabhadh breosla an innill	g/s

([1]) I gcás ina n-úsáideann an sruth sonraí atá ar fáil aonaid atá difriúil leis na cinn a éilítear leis an tábla, aistreofar an sruth sonraí sin isteach sna haonaid a éilítear le linn réamhphróiseáil na sonraí mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 3.
([2]) Má úsáidtear braiteoir aertheochta iontógála, comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach sa dara mír i bpointe 5.1 d'Fhoscríbhinn 2.

1.3. I gcás nach dtomhaistear sreabhadh maise an sceite go díreach, soláthrófar sreabhadh breosla an innill i gcomhréir le Tábla Fhoscríbhinn 2";

(27) I bhFoscríbhinn 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1.1:

"2.1.1. Tabharfar rochtain ar fhaisnéis maidir le sruth sonraí i gcomhréir le ceann amháin ar a laghad de na caighdeáin seo a leanas:

(a) ISO 27145 le ISO 15765-4 (CAN-bhunaithe);

(b) ISO 27145 le ISO 13400 (TCP/IP-bhunaithe);

(c) SAE J1939-73;

(d) ISO 14229."

(28) leasaítear Aguisín 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha sonraí 2 go 2.20:

"2. **Faisnéis faoin inneall**

2.1. Grúpa IFI

2.2. Catagóir agus fochatagóir an chineáil innill/na haicme inneall

2.3. Uimhir cineálcheadaithe

2.4. Ainm(neacha) trádála (más infheidhme)

2.5. Ainmníocht na haicme inneall (más cuid d'aicme inneall)

2.6. Saothar tagartha [kWh]

2.7. Mais tagartha CO_2 [g]

2.8. Ainmníocht an chineáil innill

2.9. Uimhir aitheantais an innill

2.10. Bliain agus mí tháirgthe an innill

2.11. Inneall arna atógáil (tá/níl)

2.12. Scuab-thoirt iomlán an innill [cm^3]

2.13. Líon sorcóirí

2.14. Glanchumhacht rátaithe dhearbhaithe an innill/luas rátaithe [kW/rpm]

2.15. Glanchumhacht uasta an innill/luas cumhachta [kW/rpm]

2.16. Torc uasta dearbhaithe an innill/luas toirc [Nm/rpm]

2.17. Luas réchasta [rpm]

2.18. An cuar toirc lánlóid atá le fáil arna sholáthar ag an monaróir (tá/níl)

2.19. Uimhir thagartha an chuair toirc lánlóid arna soláthar ag an monaróir

2.20. Córas $DeNO_x$ suiteáilte (e.g., EGR, SCR) (i gcás inarb infheidhme)

2.21. An cineál tiontaire chatalaíoch atá suiteáilte (i gcás inarb infheidhme)

2.22. An cineál gairis iarchóireála cáithníní atá suiteáilte (i gcás inarb infheidhme)

2.23. An gaireas iarchóireála arna mhodhnú maidir le cineálcheadú (tá/níl)

2.24. Faisnéis faoi ARL suiteáilte (Uimhir chalabrúcháin na mbogearraí)";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha sonraí 9 go 9.11:

"9. **Tosca comhréireachta an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith** ([1]) **(arna gcinneadh i gcomhréir le Foscríbhinní 3 go 5)**

(An t-íosmhéid, an t-uasmhéid agus an 90ú peircintíl charnach)

9.1. Toisc chomhréireachta THC an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [-] ([2])

9.2. Toisc chomhréireachta CO an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [-]

9.3. Toisc chomhréireachta NOx an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [-] ([3]) (i gcás inarb infheidhme)

9.4. Toisc chomhréireachta THC + NOx an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [-] ([4]) (i gcás inarb infheidhme)

9.5. Toisc chomhréireachta THC an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2 [-] ([5])

9.6. Toisc chomhréireachta CO an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2 [-]

9.7. Toisc chomhréireachta NOx an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2 [-] ([6])(i gcás inarb infheidhme)

9.8. Toisc chomhréireachta THC+NOx an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2 [-] ([7])(i gcás inarb infheidhme)

9.9. Meánú laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar: cumhacht íosta agus uasta an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith [%]

9.10. Meánú laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2: fad íosta agus uasta an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith [s]

9.11. Meánú laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar: céatadán na meánuithe bailí laistigh d'achar ama ar leith

9.12. Meánú laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2: céatadán na meánuithe bailí laistigh d'achar ama ar leith";

([1]) Is éard atá i meánú laistigh d'achar ama ar leith an fothacar den tacar iomlán sonraí arna ríomh le linn na tástála faireacháin inseirbhíse arb ionann a mhais CO_2 nó a shaothar agus mais tagartha CO_2 nó saothar an innill arna dtomhas in imeacht NRTC nó NRSC saotharlainne tagartha is infheidhme a dhéantar ar an máthair-inneall

([2]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainneacha ar leithligh acu maidir le HC agus NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([3]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainneacha ar leithligh acu maidir le HC agus NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([4]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainn astaíochta chomhcheangailte acu maidir le HC + NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([5]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainneacha ar leithligh acu maidir le HC agus NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([6]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainneacha ar leithligh acu maidir le HC agus NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([7]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainn astaíochta chomhcheangailte acu maidir le HC + NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha sonraí 10 go 10.8:

"10. **Tosca comhréireachta meánuithe laistigh d'achar ama ar leith (arna gcinneadh i gcomhréir le Foscríbhinní 3 agus 5 gan teagmhais oibre agus neamhoibre a chinneadh i gcomhréir le Foscríbhinn 4 agus gan achair neamhbhailí ama a chur as an áireamh mar a leagtar amach i bpointí 2.2.2 agus 2.3.1 d'Fhoscríbhinn 5)**

(An t-íosmhéid, an t-uasmhéid agus an 90ú peircintíl charnach)

10.1. Toisc chomhréireachta THC an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [-] ([8])

10.2. Toisc chomhréireachta CO an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [-]

10.3. Toisc chomhréireachta NO_x an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [-] ([9]) (i gcás inarb infheidhme)

10.4. Toisc chomhréireachta THC+NO_x an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [-] ([10]) (i gcás inarb infheidhme)

10.5. Toisc chomhréireachta THC an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2 [-] ([11])

10.6. Toisc chomhréireachta CO an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2 [-]

10.7. Toisc chomhréireachta NO_x an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2 [-] ([12])(i gcás inarb infheidhme)

10.8. Toisc chomhréireachta THC+NO_x an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2 [-] ([13])(i gcás inarb infheidhme)

10.9. Meánú laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar: cumhacht íosta agus uasta an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith [%]

10.10. Meánú laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2: fad íosta agus uasta an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith [s]";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha sonraí I-2 go I-2.20:

"I-2. Sonraí ríofa meandracha

I-2.1. Mais THC [g/s]

I-2.2. Mais CO [g/s]

I-2.3. Mais NOx [g/s] (i gcás inarb infheidhme)

I-2.4. Mais CO_2 [g/s]

I-2.5. Mais charntha THC [g/s]

I-2.6. Mais charntha CO [g/s]

I-2.7. Mais charntha NOx [g/s] (i gcás inarb infheidhme)

I-2.8. Mais charntha CO_2 [g/s]

I-2.9. Ráta breosla ríofa [g/s]

([8]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainneacha ar leithligh acu maidir le HC agus NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([9]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainneacha ar leithligh acu maidir le HC agus NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([10]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainn astaíochta chomhcheangailte acu maidir le HC + NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([11]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainneacha ar leithligh acu maidir le HC agus NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([12]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainneacha ar leithligh acu maidir le HC agus NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([13]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainn astaíochta chomhcheangailte acu maidir le HC + NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

I-2.10. Cumhacht innill (kW)

I-2.11. Saothar innill [kWh]

I-2.12. Fad an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [s]

I-2.13. Meánchumhacht innill an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [%]

I-2.14. Toisc chomhréireachta THC an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [-] ([14])

I-2.15. Toisc chomhréireachta CO an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [-]

I-2.16. Toisc chomhréireachta NOx an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [-] ([15]) (i gcás inarb infheidhme)

I-2.17. Toisc chomhréireachta THC+NOx an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le saothar [-] ([16]) (i gcás inarb infheidhme)

I-2.18. Fad an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2 [s]

I-2.19. Toisc chomhréireachta THC an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2 [-] ([17])

I-2.20. Toisc chomhréireachta CO an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2 [-]

I-2.21. Toisc chomhréireachta NOx an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2 [-] ([18])(i gcás inarb infheidhme)

I-2.22. Toisc chomhréireachta THC+NOx an mheánaithe laistigh d'achar ama ar leith i dtaca le mais CO_2 [-] ([19])(i gcás inarb infheidhme)";

(29) Cuirtear Foscríbhinní 9 agus 10 seo a leanas leis:

"Foscríbhinn 9

Saothar tagartha agus mais tagartha CO_2 a chinneadh maidir le cineálacha innill arb é an timthriall tástála cineálcheadaithe is infheidhme ina leith é an Timthriall Tástála Foistine Neamhbhóthair (NRSC) agus sin amháin

1. **Ginearálta**

Faightear an saothar tagartha agus an mhais thagartha CO_2 maidir le grúpaí IFI A agus C as rith teodhúiseachta NRTC na tástála cineálcheadaithe ar an máthair-inneall, agus maidir le grúpa IFI H as an tástáil cineálcheadaithe LSI-NRTC ar an máthair-inneall, mar a leagtar amach i bpointe 2.1.2 d'Fhoscríbhinn 5. Sainítear san Fhoscríbhinn seo cén chaoi an saothar tagartha agus an mhais thagartha CO_2 a chinneadh maidir le cineálacha innill i ngach grúpa IFI seachas A, C agus H.

Chun críocha na Foscríbhinne seo, is é a bheidh sa timthriall tástála saotharlainne is infheidhme ná NRSC faoi mhóid ar leith nó RMC NRSC maidir leis an gcatagóir (leis an bhfochatagóir) innill a leagtar amach i dtáblaí IV-1 agus IV-2, agus i dtáblaí IV-5 go IV-10 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1628.

2. **W_{ref} agus $m_{CO_2,ref}$ a chinneadh as RMC NRSC**

2.1. Tá an saothar tagartha W_{ref},kWh, cothrom leis an saothar iarbhír W_{act},kWh, mar a thugtar le Roinn 2.4.1.1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 maidir le ceanglais theicniúla agus ghinearálta.

([14]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainneacha ar leithligh acu maidir le HC agus NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([15]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainneacha ar leithligh acu maidir le HC agus NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([16]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainn astaíochta chomhcheangailte acu maidir le HC + NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([17]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainneacha ar leithligh acu maidir le HC agus NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

([18]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainneacha ar leithligh acu maidir le HC agus NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628

([19]) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le (fo)c(h)atagóirí innill a bhfuil teorainn astaíochta chomhcheangailte acu maidir le HC + NOx i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2016/1628.

2.2. Tá an mhais thagartha CO_2,$m_{CO_2,ref}$, g, cothrom leis an mais CO_2 i dtaca leis an timthriall tástála saotharlainnem_{CO_2}, g, arna ríomh i gcomhréir le ceann de Ranna 2.1.2, 2.2.1, 3.5.1 nó 3.6.1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 maidir le ceanglais theicniúla agus ghinearálta ag brath ar cibé acu an sampláil ghásach amh nó chaol a úsáidtear agus ar cibé acu an ríomh maisbhunaithe nó mólbhunaithe a chuirtear i bhfeidhm.

3. **W_{ref} agus $m_{CO_2,ref}$ a chinneadh as NRSC faoi mhóid ar leith**

3.1. Ríomhfar an saothar tagartha W_{ref}, kWh ag úsáid chothromóid 9-1.

$$W_{ref} = \sum_{i=1}^{N_{mode}} (P_i \bullet WF_i) \bullet \frac{t_{ref}}{3600} \quad (9\text{-}1)$$

Mar a bhfuil:

P_i cothrom leis an gcumhacht innill maidir le *i*, kW, le $P_i = P_{m,i} + P_{AUX}$ (féach Ranna 6.3 agus 7.7.1.3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 maidir le ceanglais theicniúla agus ghinearálta);

WF_i cothrom leis an toisc ualúcháin don mhód i [-];

t_{ref} cothrom leis an am tagartha, s, (féach an tábla);

W_{ref} cothrom leis an saothar timthrialla tagartha a dhéanann an máthair-inneall sa timthriall tástála saotharlainne tagartha, kWh;

i uimhir an mhóid;

N_{mode} an líon foriomlán mód sa timthriall tástála.

3.2. Déanfar an mhais tagartha CO_2 $m_{CO_2,ref}$, kg, a chinneadh ón ráta sreafa maise CO_2 $q_{mCO2,i}$, g/h, maidir le gach mód *i* arna ríomh i gcomhréir le Ranna 2 nó 3 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 maidir le ceanglais theicniúla agus ghinearálta ag úsáid chothromóid 9-2.

$$m_{CO_2,ref} = \sum_{i=1}^{N_{mode}} (q_{mCO_2,i} \bullet WF_i) \bullet \frac{t_{ref}}{3600} \quad (9\text{-}2)$$

Mar a bhfuil:

$q_{mCO_2,i}$ cothrom leis an ráta sreafa maise CO_2 maidir leis an mód *i*, g/h;

WF_i cothrom leis an toisc ualúcháin don mhód *i* [-];

t_{ref} cothrom leis an am tagartha, s, (féach an tábla);

$m_{CO_2,ref}$ cothrom leis an mais tagartha CO_2 a astaítear as an máthair-inneall sa timthriall tástála saotharlainne tagartha, g;

i uimhir an mhóid;

N_{mode} an líon foriomlán mód sa timthriall tástála

3.3. Is é t_{ref} fad foriomlán an Timthrialla Mhodúil Rampáilte (RMC) choibhéisigh a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 maidir le ceanglais theicniúla agus ghinearálta. Leagtar na luachanna sin amach sa tábla.

Tábla

Am tagartha t_{ref} maidir le gach NRSC faoi mhóid ar leith

NRSC	t_{ref} [s]
C1	1 800
C2	1 800
D2	1 200
E2	1 200

E3	1 200
F	1 200
G1	1 800
G2	1 800
H	1 200

Foscríbhinn 10

An tseach-chumhacht mheandrach a chinneadh ón sreabhadh maise CO_2

1. **Ginearálta**

Ciallaíonn "seach-chumhacht" luach a fhaightear trí idirshuíomh líneach simplí chun teagmhais bhailí le linn faireachán inseirbhíse a chinneadh mar a thugtar tuairisc i bhFoscríbhinn 4 air agus chun na críche sin amháin. Tá an mhodheolaíocht sin le haghaidh inneall a dheartar gan comhéadan cumarsáide acu a bheadh in ann sonraí toirc agus luais a sholáthar i gcomhréir le Tábla 1 d'Fhoscríbhinn 7. Tá an ríomh bunaithe ar an toimhde go mbeidh na nithe seo a leanas fíor i gcás gach cineáil innill laistigh d'aicme inneall:

(a) tá an cóimheas idir saothar agus mais CO_2 comhchosúil sa timthriall tástála saotharlainne tagartha;

(b) tá gaol líneach idir cumhacht agus ráta sreafa maise CO_2; agus,

(c) ní astaítear aon CO_2 as inneall oibriúcháin nach dtáirgeann aon ghlanchumhacht.

2. **Ríomh na seach-chumhachta meandraí**

2.1. Chun críocha na ríomhanna i bhFoscríbhinn 4 agus chucu sin amháin, déanfar seach-chumhacht mheandrach a ríomh le haghaidh an innill faoi thástáil IFI ón sreabhadh maise CO_2 arna thomhas ag incrimint ama a bheidh cothrom leis an tréimhse samplála sonraí. Bainfear úsáid le haghaidh an ríomha sin as tairiseach shimplithe CO_2 ("Veline") a bhaineann go sonrach leis an aicme inneall.

2.2. Ríomhfar an tairiseach Veline as na luachanna tagartha is infheidhme a leagtar amach i bpointe 2.1.2 d'Fhoscríbhinn 5.

Ríomhtar an tairiseach Veline, $K_{veline,}$ as an mais tagartha CO_2 a astaítear as an máthair-inneall arna cineálcheadú roinnte ar an saothar a dhéanann an mháthair-inneall arna cineálcheadú ag úsáid chothromóid 10-1.

$$K_{veline} = \frac{m_{CO_2,ref}}{W_{ref}} \quad (10\text{-}1)$$

Mar a bhfuil:

K_{veline}	cothrom leis an tairiseach "Veline", g/kWh;
$m_{CO_2,ref}$	cothrom leis an mais tagartha CO_2 a astaítear as an máthair-inneall sa timthriall tástála saotharlainne tagartha, g;
W_{ref}	cothrom leis an saothar tagartha a dhéanann an máthair-inneall sa timthriall tástála saotharlainne tagartha, kWh;

2.3. Déantar seach-chumhacht mheandrach an innill faoi thástáil IFI a ríomh ón sreabhadh maise meandrach CO_2 ag úsáid chothromóid 10-2

$$P_{i,proxy} = 3600 \cdot \frac{\dot{m}_{CO_2,i}}{K_{veline}} \quad (10\text{-}2)$$

Mar a bhfuil:

$P_{i,proxy}$ cothrom leis an tseach-chumhacht mheandrach, kW;

$\dot{m}_{CO_2,i}$ cothrom leis an sreabhadh maise meandrach CO_2 a astaítear as an inneall faoi thástáil, g/s.”